Deireadh Fómhair 2007

imleabhar 9 – eagrán 3

COURTS SERVICE NEWS

Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna

Tosaíonn Athstruchtúrú na Cúirte Dúiche

Comhoibriú... bealach nua i nDlí Teaghlaigh

Tosaíonn an Athbhliain Dlí

Ag Féachaint ar Phrobháid



www.courts.ie

gné-ailt

7-8 Cén fáth ar cheart uacht a dhéanamh?

14 Ag Tacú le Foireann
An chaoi a dtacaíonn an tAonad Oiliúna le foireann.

23-26 Cúrsaí Dlí Teaghlaigh

nuacht

5 Ceaptar Airí Nua

6 Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise
Nuashonrú beartais.

9 Láithreán gréasáin "as Gaeilge"
Míníonn an fhoireann gréasáin an láithreán nua.

10-11 Tuarascáil Bhliantúil 2006

12 Gníomhas Aonpháirtí
Méadú ag teacht ar athruithe ainmneacha.

13 Bainistíocht Cásanna Sibhialta
Cad atá ar bun leis na tionscadail?

15 Tiomáint faoi thionchar dí
Méadú ar an líon cásanna.

16-17 Tosaíonn an Lároifig Chuntasaíochta i ndáiríre

18-19 Comhdháil Réigiún an Deiscirt

20-21 Atheagrú na Cúirte Dúiche

22 Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí

Is í Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna irisleabhar na Seirbhíse Cúirteanna. Faightear ábhar óna lán daoine éagsúla agus ní gá go mbeadh a dtuairimí ar aon dul le dearcaí ná beartais na Seirbhíse Cúirteanna. Coinníonn na heagarthóirí an ceart eagarthóireacht a dhéanamh ar gach ábhar, litreacha ina measc.

Foireann Léirithe:
Eagarthóir: Helen Priestley
Leas-Eagarthóir: Tony Lawlor
Eagarthóir Comhlach: Gerry Curran
Catriona Nangle
Catherine O'Leary

Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna,
Oifig Faisnéise,
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Teileafón: 01-888 6459, Facs: 01-8735250

Email: co'leary@courts.ie
Web: http://www.courts.ie

Arna dhearadh ag Journeyman Productions
Digital Depot, Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8

Arna Phriontáil ag Brunswick Press Ltd.
Aonad B2, Eastát Tionscail Bluebell, Baile Átha Cliath 12

Tá an tsaoire thart, tosaíonn Athbhliain Dlí eile agus tá gach duine gnóthach láithreach. Ná bíodh imní oraibh, ní fada go mbeidh an Nollaig againn!

Fáilte chuig eagrán Dheireadh Fómhair de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Tá réimse leathan téamaí againn san eagrán seo. Chuir an Príomh-Bhreitheamh 7ú Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna i láthair an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí nua, an tUasal Brian Lenihan T.D. in Iúil. Léirímid an cur i láthair ar leathanach 10 agus 11 agus léirímid cuid de na hathruithe ar threochtaí in obair na gcúirteanna le blianta beaga anuas.

Athróidh struchtúr cheantair na Cúirte Dúiche ó Eanáir 2008. Is féidir sonraí a fháil ar leathanach 20 agus 21.

Mar chuid dár ngné-alt ar dhlí teaghlaigh, labhraíonn John McDaid ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil le Gerry Curran ar leathanach 24 agus leagann sé amach coincheap an dlí chomhoibrithigh.

I sraith nua a fhéadann tú gearradh amach agus coimeád a mhíníonn obair na gcúirteanna agus na n-oifigí cúirteanna, tugann Chris Lehane ón Oifig Phrobháide léargas dúinn ar an bhfáth ar cheart dúinn uacht a dhéanamh. Mínítear gach rud ar leathanach 7 agus 8.

An bhfuil bealach is fearr le críochnú ná le roinnt dea-scéil. D'éirigh thar barr leis an gComórtas Carthanachta Sacair i Meitheamh (féach leathanach 36) agus bhailigh sé breis is €5,000 do na "Jack and Jill" agus "Make a Wish" Foundations.

Bímid i gcónaí ag iarraidh cloisteáil uait maidir le haon ábhar a bhaineann lenár n-irisleabhar mar sin coinnigh i dteagmháil!

Tony Lawlor

gné-ailt rialta

4 Cleachtas agus Nós Imeachta

27 Ceapacháin Foirne

28-29 Scéalta Báis

30-31 Scor na mBall Foirne

32 Cuairteoirí

33 Léirmheas ar Shaoire

34-36 Nuacht Shóisialta

37 Léirmheas Scannáin: 3:10 to Yuma

38 For-rochtain

39 Comórtas

40 Tríd an Lionsa

Cleachtas agus Nós Imeachta

Rialacha na Cúirte Dúiche

I.R. Uimhir 313 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche (Seirbhís Phobail), 2007
Leasaíonn na Rialacha seo Ordú 30 riail 5 chun soláthar do sheirbhís trí phost cláraithe.

I.R. Uimhir 314 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche(An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006, Cuid 11), 2007
Cuireann na Rialacha seo Ordú nua 96C isteach chun foirmeacha agus nósanna imeachta a chur ar fáil i dtaobh ailt 115 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 ina bhfuil foráil chun cur isteach ar chúirt ar ordú sibhialta i dtaobh iompair fhrith-shóisialta.

I.R. Uimhir 408 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche (Leanaí), 2007
Cuireann na rialacha seo foirmeacha ar fáil faoi Ordú 37 i dtaobh na n-altanna sin d'Acht na Leanaí, 2001 a chuir I.R. Uimhir 64 de 2007 i bhfeidhm, agus leasaíonn siad Ordú 96C chun foráil d'imeachtaí faoi Chuid 12A den Acht sin mar a chuir an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006 i bhfeidhm agus mar a chuir I.R. Uimhir 65 de 2007 i bhfeidhm

I.R. Uimhir 418 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche (Toghairmeacha), 2007
Téann na rialacha seo in ionad Foirme 15.2.

I.R. Uimhir 564 de 2007 Rialacha na Cúirte Dúiche (Trácht ar Bhóithre), 2007
Leasaíonn na Rialacha seo Ordú 97 chun foráil d'iarratais de bhun alt 29 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 mar atá curtha in ionad ag alt 7 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2006.

Rialacha na Cúirte Cuarda

I.R. Uimhir 312 de 2007 Rialacha na Cúirte Cuarda (Ginearálta), 2007
Cuimsíonn na Rialacha seo leasaithe éagsúla ar Rialacha na Cúirte Cuarda 2001, lena n-áirítear, ach go háirithe, (a) leasaithe áirithe ar na hOrduithe seo a leanas de Rialacha na Cúirte Cuarda 2001: Ordú 1, Ordú 5, Ordú 6, Ordú 11, Ordú 13, Ordú 14B, Ordú 18, Ordú 26, Ordú 27, Ordú 29, Ordú 50, Ordú 53, Ordú 57, Ordú 59, Ordú 61A, Ordú 63 agus Ordú 69; (b) leasaithe áirithe ar Rialacha na Cúirte Cuarda (Uimh. 4) (Ainmneacha Cuideachtaí a Baineadh den Chlár a Chur ar ais de bhun ailt 12 d'Acht na gCuideachtaí, 1982 mar atá curtha isteach ag alt 46 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú)(Uimh. 2), 1999) 2003 (I.R. Uimh 615 de 2003), Rialacha na Cúirte Cuarda (Uimh. 2) (alt 39, An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994) 2004 (I.R. No 448 de 2004), Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirt-aimseartha), 2001) 2004 (I.R. No 721 de 2004), Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um Stádas Comhionann, 2000), 2004 (I.R. No 879 de 2004) agus Rialacha na Cúirte Cuarda (An tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003), 2005 (I.R. No 57 de 2005) agus (c) cur in ionad nó scrios as foirmeacha áirithe.

I.R. Uimhir 588 de 2007 Rialacha na Cúirte Cuarda, (Ombudsman na bPinsean) 2007
Leagann na Rialacha seo síos nósanna imeachta na Cúirte Cuarda maidir le hiarratais faoi alt 137 d'Acht na bPinsean, 1990, ar ordú a cheanglaíonn ar dhuine riachtanas a chuir Ombudsman na bPinsean ar an duine sin a chomhlíonadh, agus faoi alt 141 den Acht ar ordú um dearbhaithe Ombudsman na bPinsean a chomhlíonadh.

Rialacha na nUaschúirteanna

I.R. Uimhir 407 de 2007 Rialacha na nUaschúirteanna (Dlínse, Aitheantas, Forfheidhmiú agus Imeachtaí a Sheirbheáil), 2007
Forálann na Rialacha seo go gcuirfear Rialacháin Chomhairle 1348 ó 2000 i bhfeidhm i Riocht na Danmhairge (mar gheall ar doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil i gcúrsaí sibhialta agus tráchtála) chomh maith le 44 ó 2001 (ar dhlínse, aitheantas agus forfheidhmiú breithiúnas i gcúrsaí sibhialta agus tráchtála).

I.R. Uimhir 416 de 2007 Rialacha na nUaschúirteanna (Orduithe Muirir), 2007
Áilíníonn na Rialacha seo an nós imeachta um iarratais a dhéanamh ar Orduithe ag muirearú stoc agus scaireanna faoi Ordú 46, riail 1, le halt 23 agus 24 den Debtors (Ireland) Act, 1840 agus Alt 132 and 133 den Common Law Procedure Amendment Act, (Ireland) 1853.

I.R. Uimhir 417 of 2007 Rialacha na nUaschúirteanna (Aistriú daoine ar gearradh pianbhreith orthu), 2007
Leagann na Rialacha seo síos an nós imeachta le leanúint faoin Acht um Aistriú Daoine ar Gearradh Pianbhreith orthu, 1995 agus An tAcht um Fhorghníomhú Pianbhreitheanna a Aistriú, 2005.

Athlonnú oifigí

Cill Chainnigh

Tá Oifigí Chúirt Cuarda agus Chúirt Dúiche Chill Chainnigh lonnaithe anois i dTeach Parnell, Sráid Parnell.

Tá sonraí teagmhála don dá oifig mar an gcéanna:

Oifig Chúirt Chuarda Chill Chainnigh
Teileafón: 056 7722073
Facs: 056 7751044
Ríomhphost:
kilkennycc@courts.ie

Oifig Chúirt Dúiche Chill Chainnigh
Teileafón: 056 7721019
Facs: 056 7723260
Ríomhphost:
kilkennydc@courts.ie

Loch Garman

Tá Oifig Chúirt Dúiche Loch Garman lonnaithe anois i Lárionad Gnó Ard Chabháin, Loch Garman, Co. Loch Garman

Leanfar de shuíonna Chúirt Dúiche Loch Garman i Halla an Chontae, Loch Garman go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

Tá sonraí teagmhála d'Oifig Chúirt Dúiche Loch Garman mar an gcéanna:

Teileafón: 053 9122097
Facs: 053 9124798
Ríomhphost:
wexforddc@courts.ie

Ceaptar Aire Cirt nua

Sonraíonn Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna ceapachán Brian Lenihan, T.D. le deanaí mar an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Ní strainséar d'obair na gcúirteanna é Mr. Lenihan Lenihan a raibh cleachtas dlí rathmhar aige mar abhcóide sula ndeachaigh sé i mbun polaitíochta.

Agus é ag déanamh comhghairdis leis ar a cheapachán, bhí POF na Seirbhíse Cúirteanna, PJ Fitzpatrick ag tnúth le hoibriú leis an Aire nua. "Beidh a chuid eolais ar an gcóras cúirteanna fíorluachmhar dúinn," a dúirt sé. "Táim ag tnúth le fáilte a chur roimhe ina ról nua agus le hoibriú leis agus lena chuid oifigeach lenár gclár leis na cúirteanna in Éirinn a nuachóiriú a leanacht ar aghaidh."

Ghuigh an POF gach rath ar an Iar-Aire, Michael McDowell, agus é ag filleadh ar shlí beatha ag an mBarra.

Ag labhairt faoin obair mhór a rinne sé don tSeirbhís Cúirteanna i rith a théarma, dúirt an tUasal Fitzpatrick "sonróidh an stair go raibh an tacaíocht a chuir Michael McDowell agus oifigigh a Roinne ar fáil ina fachtóir mhór i go leor de na feabhsúcháin a rinneadh sna cúirteanna le blianta beaga anuas. Is amhlaidh é seo ach go háirithe i gcás tionscadal caipitiúil mar fhoirgnimh agus teicneolaíocht na faisnéise. Guím gach rath air don todhchaí."

An Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An tUasal Brian Lenihan T.D.

Críochnaíonn airí sóisearacha an leagan amach

Tugadh freagrachtaí a bhaineann le réimse an chirt do chuid de na hairí sóisearacha a cheap an Rialtas le déanaí.

An tAire Stáit a bhfuil freagracht aige as Leanaí, An tUasal Brendan Smith, T.D.

An tAire Stáit a bhfuil freagracht aige as Ceisteanna Comhionannais, An tUasal Seán Power, T.D.

An tAire Stáit a bhfuil freagracht aige as Beartas Comhtháthaithe, An tUasal Conor Lenihan, T.D

An tAire Stáit a bhfuil freagracht aige as Meabhair-Shláinte agus Míchumais, An tUasal Jimmy Devins, T.D.

Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise sa tSeirbhís Chúirteanna

Tá Aonad um Shaoráil Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna díreach tar éis críoch a chur lena Treoir um Shaoráil Faisnéise a nuashonrú (Cuid 15 agus 16). Cabhróidh an Treoir leis an bpobal fáil amach faoi fhaisnéis atá i seilbh gach eagraíochta agus conas rochtain a fháil uirthi.

Is é spiorad an Achta um Shaoráil Faisnéise ná bheith chomh hoscailte agus chomh cabhrúil agus is féidir maidir le plé le hiarratais ag baill den phobal ar rochtain a fháil ar eolas oifigiúil agus an ceart chun príobháideachta á thógáil san áireamh ag an am céanna.

Tá painéal de Chinnteoirí agus Athbhreithneoirí Inmheánacha oilte ag an tSeirbhís Chúirteanna a fuair oiliúint ar iarratais Saorála Faisnéise a phróiseáil. Socrófar oiliúint bhreise mar is gá.

Beidh cóipeanna den Treoir leasaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna www.courts.ie faoi dheireadh Dheireadh Fómhair.

Sheol an tSeirbhís a Beartas Cosanta Sonraí freisin le déanaí.

Is é atá sa Bheartas ná ráiteas ar thiomantas na Seirbhíse (mar Rialaitheoir Sonraí) chun cearta daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí. Tá gach fostaí na Seirbhíse a bhailíonn agus/nó a rialaíonn ábhar agus úsáid sonraí pearsanta freagrach go hindibhidiúil as cloí leis an reachtaíocht Cosanta Sonraí.

Ba cheart iarratais Cosanta Sonraí nó Saorála Faisnéise a chur chuig: Miriam O'Flanagan, Oifigeach Géilliúlachta Cosanta Sonraí/ Saorála Faisnéise, Seirbhísí Corparáideacha, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Réitíodh treoirlínte foirne agus cuireadh chuig gach ball foirne iad.

Tá cóipeanna den bheartas Cosanta Sonraí agus Treoirlínte Foirne ar fáil ón Aonad Rúnaíochta, Seirbhísí Corparáideacha, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teileafón: 01-8886464 nó 01-8886461.

Glaotar mac an Phríomh-Bhreithimh chun an Bharra

Tháinig trí ghlúin de mhuintir Murray le chéile mar a glaodh, Brian Murray, mac an Phríomh-Bhreithimh An Breitheamh John L. Murray chun an Bharra roimh an sos samhraidh. Tá Brian sa ghrianghraf lena athair, a mháthair Gabrielle, a dheirfiúr Cecil Murray. Agus é tar éis glaoch a fháil chun an Bharra, leanann Brian ní hamháin a athair ach freisin a sheanathair An Breitheamh Brian Walsh nach maireann agus a athair baistí Iar-Uachtarán na hÉireann agus Iar-Phríomh-Bhreitheamh Cearbhall Ó'Dálaigh.

Ag Foghlaim faoi na Cúirteanna

Cén fáth ar cheart Uacht a dhéanamh?

D'iarr roinnt léitheoirí orainn míniú níos mó faoin gcaoi a n-oibríonn na cúirteanna. Cad leis a bpléann cúirteanna éagsúla ? Cad leis a bpléann oifigí éagsúla? San eagrán seo tá an chéad ghné-alt againn i sraith nua gné-alt ar obair na gcúirteanna agus na n-oifigí cúirteanna.

Tosaímid le féachaint ar obair na hOifige Probháide agus go háirithe an cheist d'uacht a dhéanamh agus na dualgais agus na freagrachtaí a bhaineann leis. Leagann an tOifigeach Probháide Cúnta amach cad ar cheart duit bheith ag faire amach dó agus uacht á dhéanamh agus cad ar cheart bheith ar d'eolas faoi phróiséas a bhainfidh linn go léir uair éigin inár saol.

Tá dhá phríomhchúis le hUacht a dhéanamh:

(a) Cinneann tú cé a riarfaidh d'eastát nuair a fhaigheann tú bás:

Ní bhaineann go leor díospóidí i measc ball teaghlaigh a thagann os comhair na Cúirte Probháide le dlí ar chor ar bith ach éiríonn siad as mí-iontaobh i, agus cleachtas géar uaireanta ag Riarthóirí. Is féidir na díospóidí seo a sheachaint, nó a laghdú go mór ar a laghad, trí uacht a dhéanamh agus seiceadóirí a roghnú go cúramach. I d'Uacht ba cheart duit beirt sheiceadóirí ar a laghad a cheapadh, ar cheart go mbeadh an bheirt acu níos óige nó tú agus a bhfuil sé de chumas acu do chúrsaí a bhainistiú agus a fhéadann tú muinín a chur iontu le d'eastát a riar go cóir agus chomh luath agus is féidir tar éis duit bás a fháil.

(b) Cinneann tusa ar conas is fearr d'eastát a roinnt:

Ligeann uacht a dhéanamh duit cinneadh cé is mó a bhfuil sé tuillte aige nó aici leas a bhaint as do shóchmhainní tar éis duit bás a fháil. Toisc nach dtéann d'Uacht i bhfeidhm ach nuair a fhaigheann tú bás, féadann tú é a athrú aon uair roimhe sin. Mar shampla má scarann nó má cholscarann tú go dlíthiúil ba cheart duit d'Uacht a athbhreithniú agus smaoineamh an dteastaíonn uait é a athrú mar gheall ar do chúinsí athraithe.

Uachtanna Teaghlaigh

> **"Ní bhaineann go leor díospóidí i measc ball teaghlaigh a thagann os comhair na Cúirte Probháide le dlí ar chor ar bith ach éiríonn siad as mí-iontaobh i, agus cleachtas géar uaireanta ag Riarthóirí."**

Chris Lehane

Is minic go ndéanann céilí uachtanna ar leith ag fágáil a n-eastát iomlán don chéile a mhaireann, ag soláthrú go ciallmhar don mharthanóir agus ag ligint don mharthanóir na sóchmhainní teaghlaigh a roinnt nuair atá cúinsí na leanaí níos soiléire sa todhchaí. Féadann uachtanna 'clásálacha bronntanais thairis' mar a thugtar orthu a chuimsiú freisin, áit a soláthraíonn gach céile ina (h)Uacht, agus é/í tar éis a (h)eastát ar fad a fhágáil don chéile eile, go roinnfear an t-eastát go hionann i measc na leanaí má fhaigheann an céile eile bás roimhe/roimpi nó ag an am céanna leis/léi. Trí chlásáil den sórt sin ní bhíonn ar an gcéile a mhaireann Uacht nua a dhéanamh má fhaigheann an chéad chéile bás agus soláthraíonn sé cuid ionann do gach leanbh sa deireadh nuair a fhaigheann an céile a mhaireann bás.

Muna ndéanann tú Uacht meastar gur éag tú 'díthiomnach'. Ansin riartar d'eastát faoi na rialacha díthiomnachta atá leagtha amach in alt 67 – 72 den Acht Comharbais, 1965. Mar shampla, má éagann tú agus tú pósta, gheobhaidh do chéile dhá thrian de d'eastát le hoidhreacht agus gheobhaidh do leanaí an trian eile de d'eastát.

Chomh maith le ligean duit do shóchmhainní a roinnt i measc ball teaghlaigh agus cáirde, ligeann Uacht a dhéanamh duit d'eastát a dháileadh ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh na cánach de agus tú ag féachaint chuig teorannacha agus faoisimh Cánach Fáltais Chaipitiúil na dtairbhithe éagsúla i d'eastát.

Faoi dheireadh, má tá tú ag déanamh nó ag athrú d'Uachta ba cheart duit dul i gcomhairle le haturnae le hé a dhréachtú agus a feidhmiú a mhaoirsiú duit, ag smaoineamh go ngearrann dlíodóirí rátaí réasúnta go leor as an obair atá i gceist go ginearálta agus ar na torthaí a d'fhéadfadh éirí as muna ndéanann tú i gceart é i d'aonar.

Cad a chiallaíonn Probháid?

Tagann Probháid ón bhfocal Laidine Probatum a chiallaionn 'cruthú'. Sin a bhíonn ar bun ag daoine san Oifig Probháide (agus sna 14 Clárlann Probháide Dúiche ar fud na tíre) – cruthaíonn siad a gceart chun eastát éagaigh a riar trí chur isteach ar Dheonú Ionadaíochta (Deonú Probháide/ Riaracháin). Eiseofar Deonú Probháide in eastát duine a rinne Uacht don Seiceadóir a chruthaíonn a Uacht. Eiseofar Deonú Riaracháin do neasghaol duine nach ndearna Uacht . Is é atá sa Deonú ná cáipéis dhlithiúil ón Ardchúirt, a ligeann don Deonaí na sóchmhainní a bhailiú agus an t-eastát a dháileadh do na daoine atá i dteidlíocht faoi Uacht nó ar dhíthiomhnacht don neasghaol.

Cad nach mór duit a dhéanamh má tá ort eastát a riar?

Is féidir achoimre a dhéanamh ar dhualgais Ionadaí Pearsanta Dlíthiúil (téarma aonchineálach do Sheiceadóir agus Riarthóir) mar seo a leanas:

Faigh amach an ndearna an t-éagach Uacht (i. d'éag sé/sí tiomnach) nó ar éag sé/sí gan uacht a dhéanamh (i. d'éag sé/sí díthiomnach). Níl aon Chlárlann Uachtanna ina fhéadann duine a (h)Uacht a stóráil ina s(h)aol. De ghnáth stórálann Tiomnóir Uacht

agus mar sin is féidir í a fháil aimsir an bháis in oifig a d(h)líodóra, a b(h)anc nó ag a b(h)aile in áit shlán.

Faigh an Bhun-uacht agus socraigh cérbh é/í neasghaol is gaire an éagaigh ag an mbás, áit nach ndearna sé/sí Uacht.

Ba cheart na seiceadóirí atá ainmnithe san Uacht cóipeanna den Uacht a chur timpeall chuig tairbhithe na hUachta agus chuig an neasghaol is gaire agus aontú cé a riarfaidh an t-eastát.

Áit nach ndearna an t-éagach Uacht ba cheart do na neasghaoil aontú go hionann ina measc féin cé a riarfaidh an t-eastát.

Socrú an bhfuil gá le Deonú a bhaint amach?

Níl aon riachtanas dlíthiúil Deonú a bhaint amach, fiú áit ar fhág duine Uacht. Más féidir na sóchmhainní a riar gan Deonú m.sh. toisc go bhfuil an teach i gcomhainmneacha agus gurb iad an t-aon sóchmhainní eile ná airgead i gcuntais in institiúidí airgeadais, a scaoilfidh siad toisc go bhfuil siad faoi a méideanna tairsigh um scaoileadh cistí gan taispeáint Deonaithe a lorg (ar mheánmhéideanna níos lú ná €7k – €10k), is léir nach bhfuil gá le Deonú a bhaint amach. Déan teagmháil leis an Oifig Cánach Fáltais Chaipitiúil ar chúinsí den sórt sin agus cinntigh go bhfuil na cúrsaí cánach socraithe i gceart sula riartar na sóchmhainní.

Má tá Deonú riachtanach déan teagmháil le haturnae leis an Deonú a bhaint amach ar do shon nó déan iarratas d'Oifig Iarratas Pearsana na hOifig Probháide nó do Chlárlainne Probháide Dúiche áitiúil.

Nuair a eisítear an Deonú ní mór duit na sóchmhainní a bhailiú, gach fiach agus cáin atá indlite a íoc agus an t-eastát a dháileadh de réir na hUachta nó, má d'éag an t-éagach díthiomnach, do neasghaol is gaire an éagaigh ar dháta a bháis, de réir an Acht Comharbais, 1965.

Conas a fhéadaim Uacht gaoil éagtha a rochtain?

Ní bheidh taifead poiblí ar eastát ann ach má eisíodh Deonú Ionadaíochta, san eastát. Mar a luadh cheana, d'fhéadfadh sé bheith amhlaidh ag brath ar nádúr nó méid na sóchmhainní in eastát, gur riaradh an t-eastát a bhfuil spéis agat ann gan aon Deonú a eisiúint. I gcás den sort sin níl sé de cheart agat nó níl aon bhealach agat chun fáil amach cén sóchmhainní a bhí ag do ghaol ach más tairbhí tú.

Conas a fhéadaim cóipeanna de dhoiciméid probháide a fháil?

Áit ar eisíodh Deonú Ionadaíochta tá an Deonú agus gach doiciméad atá comhdaithe san Oifig Probháide (nó sna 14 Clárlann Probháide Dúiche) oscailte le scrúdú ag an bpobal ar tháille €5. Tá cóip de gach doiciméad atá ar thaifead ar fáil ar tháille €5 an ceann. Leis na taifid a chuartú, teastaíonn ainm, dáta báis agus seoladh an éagaigh uait.

Áit ar eisíodh an Deonú níos mó ná 20 bliain ó sin tá na taifid i seilbh na Cartlainne Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 2. Ba cheart iarratas a dhéanamh ar é a chuartú agus aon doiciméid cóipe atá ag teastáil maidir leis an eastát a sholáthar.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil leis an Oifig Probháide ag:
1ú Urlár, Teachan Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Teileafón: 01 888 6181, 888 6179
Gheobhaidh tú freisin níos mó eolais faoi uachtanna agus obair na hoifige probháide ar Shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna: www.courts.ie

Clárlanna Probháide Dúiche

Seoltaí Oifigí:	Teileafón:	Contaetha i gceist:
Caisleán an Bharraigh, An Teach Cúirte, Bóthar Breaffy, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo	(094) 9021522 / 9026128	Maigh Eo
An Cabhán, An Teach Cúirte, Sráid Fhearnáin, Longfort, Co. an Chabháin.	(049) 4331530	Cabhán
Cluain Mheala An Teach Cúirte, Cluain Mheala, Co. Thiobrad Árann.	(052) 29183	Tiobrad Árann
Corcaigh An Teach Cúirte, Sráid Washington, Corcaigh.	(021) 4271223 / 4275321	Corcaigh
Dún Dealgan An Teach Cúirte, Sráid Crowe, Dún Dealgan, Co. Lú.	(042) 9392310	Lú, Muineachán
Gaillimh An Teach Cúirte, Cearnóg Theach na Cúirte, Gaillimh.	(091) 562162	Gaillimh, Ros Comáin
Cill Chainnigh Teach Parnell, Sráid Parnell, Cill Chainnigh.	(056) 7722073	Chainnigh, Ceatharlach, Laois
Leitir Ceanainn An Teach Cúirte, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.	(074) 9128711	Dún na nGall
Luimneach An Teach Cúirte, Cé na gCeannaitheoirí, Luimneach	(061) 414655	Luimneach, An Clár
An Muileann gCearr An Teach Cúirte, Sráid an Mhóta, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí.	(044) 9348315	An Iarmhí, Uíbh Fhailí
Sligeach An Teach Cúirte, Sráid Teeling , Sligeach.	(071) 9142228 / 9142089	Sligeach, Liatroim
Trá Lí An Teach Cúirte, Sráid Ashe, Trá Lí, Co. Chiarraí.	(066) 7121998	Ciarraí
Port Láirge An Teach Cúirte, Sráid Chaitríona, Port Láirge.	(051) 874144	Port Láirge
Loch Garman An Teach Cúirte, Halla an Chontae, Loch Garman	(053) 9122329 / 9124630	Loch Garman

courts.ie as Gaeilge... tá sé ag teacht

Beidh roinnt athruithe tógtha faoi deara le déanaí acusan go leor amuigh ansin a úsáideann an láithreán gréasáin www.courts.ie. Tá an leathanach baile nua le roghanna Béarla agus Gaeilge ina réamtheachtaí do sheoladh an láithreán gréasáin Gaeilge courts.ie. Tá an fhoireann láithreán gréasáin gnóthach faoi láthair g dearadh láithreáin ghréasáin eile de chuid courts.ie go bunúsach. Mar sin cén tionchar a bheidh ar an láithreán nua seo ar an gcaoi a n-úsáideann tú an láithreán gréasáin courts.ie? Labhraíomar leis an Stiúrthóir Gréasáin Síle O'Neill, Catríona Nangle agus David Crinion ón bhFoireann Forbartha Láithreán Gréasáin le haghaidh tuilleadh eolais:

"Táimid ag dearadh leathanach faoi choim ar an láithreán gréasáin agus ag cur isteach ábhar Gaeilge," a mhínigh Síle. "Faoi láthair ní féidir baill den phobal na leathanaigh seo a fheiceáil" ... ach beidh níos mó le rá air sin ar ball.

Mar sin cén chuma a bheidh ar na hathruithe seo?

"Ba é an chéad athrú ná dearadh agus déanamh an leathanaigh nua Béarla/ Gaeilge – Is é an chéad athrú mór eile ná go mbeidh cnaipí le feiceáil ar an gcoirneál clé ar bharr a scáileán – ceann amháin do Bhéarla agus ceann eile do Ghaeilge."

Cén chaoi a n-oibreoidh na cnaipí seo?

"Tríd an gcnaipe Gaeilge a ghliogáil go simplí ar aon leathanach Béarla beifear in ann breathnú ar an leathanach sin as Gaeilge agus vice-versa. Beidh an t-ábhar céanna ag leathanaigh 'as Gaeilge' an láithreáin agus a leathanaigh choibhéiseacha i mBéarla ach gan chuid de na pictiúir."



Mar sin an mbeidh an láithreán iomlán de 17,000 leathanach ar fáil i nGaeilge?

"Beidh, ach amháin cúpla eisceacht. Mar shampla déantar an chuid Dialann Dlí a nuashonrú gach lá ag an bhFoireann Dialainne i mBaile Átha Cliath agus sa chuid is mó d'Oifigí Cúirte Cuarda ar fud na tíre. Do na mílte cuairteoirí ar chuid Dialann Dlí an láithreán gréasáin fanfaidh sé san fhoirm reatha."



Cén fáth ar thug an fhoireann láithreán gréasáin faoin tionscadal seo?

Míníonn David gurb iad na tairbhí a bheidh ann do dhaoine atá ag tabhairt cuairte ar www.courts.ie ná go mbeidh "custaiméirí a theastaíonn uathu eolas a fháil amach faoin tSeirbhís Chúirteanna i nGaeilge é seo a dhéanamh anois ar bhealach tapa agus éasca." Ar ndóigh tógann an láithreán nua an tSeirbhís Chúirteanna níos faide i dtreo cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

Mar sin toisc go bhfuil an fhoireann láithreán gréasáin ag cur an téacs Gaeilge go léir isteach go gnóthach cathain a bheidh na hathruithe seo go léir ar fáil don phobal?

"Beidh an láithreán gréasáin Gaeilge nua ar fáil go han-luath," deireann Caitríona. Ciallaíonn tabhairt faoi thionscadal chomh mór go mbeidh ar an bhfoireann dhá láithreán gréasáin in áit láithreán gréasáin amháin a chothabháil agus a fhorbairt go fadtéarmach.

"Caithfear aon athruithe eile ar ábhar an láithreán gréasáin nó nuashonraithe ar na codanna sin atá ar fáil i nGaeilge a aistriú sular féidir an t-eolas sin a chur ar an láithreán." Mar sin beidh an fhoireann ag oibriú go crua le haistriúcháin a fháil chomh tapa agus is féidir.

Má tá aon tráchta nó moltaí agat faoi aon chuid de www.courts.ie cuir r-phost le do thoil chuig sitecomments@courts.ie.

Ag breathnú ar na cúirteanna i 2006 ó thaobh staitisticí de

Bliain ghnóthach eile don tSeirbhís Chúirteanna ab ea 2006, mar a léirigh an Tuarascáil Bhliantúil le déanaí. Thar an dá leathanach seo táirgimid príomhphointí an eolais staitisticiúil atá le fáil sa Tuarascáil, a fhéadann cóipeanna di a lorg ó Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna (Teil: 01-8886462 nó r-phost: publicationsunit@courts.ie) nó ar chuid foilseachán ár suímh gréasáin: www.courts.ie.



Chuir an Príomh-Bhreitheamh, An Breitheamh John L. Murray an tuarascáil i lathair an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí , An tUasal Brian Lenihan T.D.

An Chúirt Achomhairc Choiriúil

- Fuarthas 244 cás nua agus diúscaradh 329
- An 4ú bliain i ndiaidh a chéile a rinne an Chúirt níos mó cásanna a dhiúscairt ná an líon a cuireadh chuici
- Bíodh is go raibh laghdú 5%, ar líon na n-achomharc nua a lóisteáladh bhí méadú 13% ar líon na n-achomharc ar déileáladh leo, toisc breis dátaí a bheith curtha ar fáil le haghaidh suíonna cúirte
- I measc na n-achomharc a cuireadh ar aghaidh ag deireadh na bliana, ní raibh ach 19 díobh a lóisteáladh roimh 2005 agus 35 roimh 2006
- Bhí an meántréimhse feithimh ar aon dul le meántréimhse 2005 (7-9 mí i gcásanna achomhairc agus 6-8 mí maidir le hachomhairc in aghaidh pianbhreitheanna)

An Chúirt Uachtarach

- Lóisteáladh 484 achomharc sa Chúirt Uachtarach, méadú 9% i gcomparáid le 2005. Diúscaradh 237 achomharc. Ba iad na hachomharcóirí féin a lóisteáil 57 de na hachomhairc go pearsanta (nó beaganach 12% den iomlán)
- Bhí laghdú fós ag teacht ar líon na n-achomharc ó dhaoine atá faoi choimeád ó 55 i 2004 go 16 i 2005 agus gan ach 6 i 2006
- 10 n-achomharc chun na hArd-Chúirte faoi chásanna dlí teaghlaigh i 2006. Ba mhéadú suntasach é seo ar 2005 nuair nár lóisteáladh ach 4 achomharc.
- Méadú 100% ar líon na n-achomharc maidir le hathbhreithnithe breithiúnacha ar chásanna tearmann. 12 acu a bhí ann i 2005 agus 24 i 2006

An Phríomh-Chúirt Choiriúil

Dúnmharú:
- 33 cás nua, ba laghdú 6% é ar an 35 cás i 2005
- Ba é an meán-am a bhí le triail ná 8.8 lá
- Pléadáladh neamhchiontach i 80% de chásanna (42 as 52) (a raibh éisteacht iomlán os comhair breithimh agus giúire mar thoradh orthu)
- Éigiontaíodh 9 i dtrialacha agus ciontaíodh 39
- 15 ciontú as dúnmharú, 18 as dúnmharú agus ciontaíodh 4 as coireanna ní ba lú

Éigniú:
- Bhí 58 cás nua éignithe agus ionsaithe gnéis ann. Ba mhéadú 32% iad seo ar an 44 a bhí ann i 2005 cé nach raibh ansin ach 45% den líon a bhí ann i 1998/1999
- Ar an meán thóg triail éignithe 5.3 lá
- Pléadáladh neamhchiontach i 40% de thrialacha
- Pléadáladh ciontach i 60% de chásanna éignithe
- Ciontaíodh 15 sa 23 cás a éisteadh os comhair breithimh agus giúiré gus éigiontaíodh 8.

An Ard-Chúirt

Cásanna nua: Méadú iomlán 17.5% sa líon tosaithe (15,463 i gcomparáid le 13,126 i 2005)

Díobháil phearsanta: eisíodh 2,673 toghairm i gcomparáid le 746 i 2005

Toghairmeacha Ioncaim: méadú 29% ó 704 i 2005 go 901

Iarratais ar Bharántais Ghabhála Eorpacha: rinneadh 171 i 2006, beagnach trí huaire ní ba mhó ná an 61 a rinneadh i 2005

Athbhreithnithe breithiúnacha a bhain le cúrsaí tearmann:
- 909 cás nua, ba mhéadú 15% é seo ar an 790 a bhí ann i 2005
- Cuireadh bailchríoch ar 86% de na cásanna laistigh de 24 mí nó níos lú (Cuireadh tús agu deireadh le 35% acu i 2006 agus cuireadh tús le 51% acu i 2005 agus críoch leo i 2006)
- Bhain 10% de na breithiúnais a tugadh i scríbhinn le cásanna tearmann

Liosta Tráchtála:
- Cuireadh 50% de chásanna i gcríoch i níos lú ná 14 seachtain, 75% i níos lú ná 25 seachtain, agus 90% i níos lú ná 45 seachtain
- 9 seachtaine ón uair a cuireadh cás ar an Liosta go leithdháileadh an dáta éisteachta agus 18 seachtain óna chur ar an Liosta go críoch na caingne (meántréimhsí)

Leanaí agus na Cúirteanna

Tá ról mór le himirt ag na cúirteanna maidir le leanaí i mbaol a chosaint, le cinneadh ar achomhairc maidir le huchtú, le leanaí a chur ón gcoireacht agus le leanaí a tógadh go mícheart nó a fuadaíodh ó thír eile go hÉireann a chosaint agus a athdhúichiú Tugaimid forbhreathnú thíos ar an tsainobair ar thug na cúirteanna fúithi ar son leanaí i 2006:



Fuadach Linbh Idirnáisiúnta

- Méadú **50%** ar chásanna le **46** cás nua i gcomparáid le **31** i **2005** agus **27** i **2004**
- Ba í an Ríocht Aontaithe an tír gnáthchónaithe i **35%** de na cásanna agus Stáit Aontaithe Mheiriceá i **15%**
- Rinneadh iarratais freisin maidir le páistí ón bPolainn, an Laitvia, an Eastóin, an Ungáir, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn, an Fhionlainn, Tuaisceart Éireann, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus Deisceart na hAfraice.

Leanaí ag briseadh an dlí agus os comhair na gcúirteanna

n-úsáid níos mó do leanaí níos óige. Níor cimíodh aon leanaí dhá nó trí bliana déag d'aois chuig ionaid choinneála i **2006** . Rinneadh ordaithe coinneála i dtaobh **4** dhuine ceithre bliana déag d'aois, **24** dhuine cúig bliana déag d'aois, **62** duine sé bliana déag d'aois, **117** duine seacht mbliana déag d'aois **118** duine ocht mbliana déag d'aois

- Bhí laghdú **9%** ar líon na leanaí faoi choinneáil – ó **441** i **2005** go **339** i **2006**
- Tháinig laghdú beagnach **8%** ar líon na leanaí a cuireadh ar aghaidh go cúirt níos airde, ó **131** go **121**,
- Tháinig méadú beagnach **50%** ar orduithe seirbhíse pobail agus orduithe promhaidh
- Tháinig méadú faoi thrí ar na cásanna uchtaithe a bhí os comhair na hArd-Chúirte ó **8** i **2005** go **24** i **2006**.

Clé go deas: Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, an tUasal. P.J. Fitzpatrick, Príomh-Bhreitheamh, An Breitheamh John L. Murray, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An tUasal Brian Lenihan T.D., Oifigeach Faisnéise Ms. Helen Priestley, ag cur i láthair na Tuarascála

Coireacht sa Chúirt Dúiche

Tháinig méadú beagnach **10%** ar chásanna coiriúla a pléadh leo sa Chúirt Dúiche i **2006**.

Cásanna achomair: méadú **9%** ó **302,134** go **329,775**.

Cásanna indíotáilte (a fhéadann dul chuig an gCúirt Chuarda le haghaidh trialach breithimh agus giúiré) ar pléadh leo go hachomhair ag an gCúirt Dúiche : tháinig méadú ó **41,374** i **2005** go **48,272** i **2006**, sin méadú beagnach **17%**.

Coireanna a bhain le drugaí: an méadú ba shuntasaí, pléadh le **8,842**, méadú breis **26%** ar na **7,003** cás i **2005**.

Goid: méadú os cionn **16%**, ó **20,969** i **2005** go **24,463**.

Ord Poiblí/Ionsaí: mhéadaigh an líon faoi bhreis is **4%** i **2006**, ó **37,119** go **38,700**.

An Chúirt Choiriúil Chuarda

- Mhéadaigh an líon trialacha ar pléadh leo ag 21% i ndá bhliain – 2,566 i 2006, méadú ó 2,118 i 2004
- Laghaidh achomhairc i gcoinne breithiúnas agus pianbhreitheanna na Cúirte Dúiche go 6,545, ó 11,634 i 2003 – laghdú 44%
- Phléadáil 2,039 (79%) ciontach i gcomparáid le 1,844 (84%) i 2005
- Chiontaigh giúiré 153 cosantóir san iomlán – sin beagnach 7% den líon a cuireadh de lámh
- Pléadh le 46% (1,214) de na cosantóirí i mBaile Átha Cliath
- Phléadáil 85% de chosantóirí i mBaile Átha Cliath ciontach, chiontaigh giúiré 5% eile díobh agus d'éigiontaigh giúiré 6% eile fós
- Phléadáil 74% de chosantóirí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ciontach, chiontaigh giúiré 6% eile díobh agus éigiontaíodh 10% eile fós

Pianbhreitheanna i dtrialacha sa Chúirt Choiriúil Chuarda	Baile Átha Cliath	Na Cúigí	Iomlán
Príosúnacht suas go dtí 2 bhliain	362	199	**561**
2-5 bliana	294	272	**566**
5-10 mbliana	44	50	**94**
10+	2	3	**5**
Pianbhreith fionraithe	596	457	**1053**
Seirbhís Phobail	71	11	**82**
Fíneáil	32	63	**95**

- Tá na tréimhsí feithimh do thrialacha sa Chúirt Choiriúil Chuarda faoi 6 mhí i go leor ceantar lena n-áirítear Loch Garman, an Mhí, Uibh Fháilí, Ros Comáin, Muineachán, Longfort, Luimneach, Gaillimh, an Clár, Lú agus Corcaigh agus i gcuid de na ceantair seo tá siad faoi 3 mhí

Tá méadú ag teacht ar an líon daoine atá ag fáil ainm nua

Ceann de na seirbhísí uathúla a chuireann an Ard-Chúirt ar fáil is ea ainmneacha agus sloinnte a athrú trí Ghníomhas Aonphairtí Rinne 2,504 dhuine iarratas ar athruithe ainmneacha nó sloinnte a chlárú i 2006 is ba mhéadú 33% é seo ar an 1,885 a rinne é sin i 2005. Táirgeann Gerry Curran roinnt fáthanna leis an méadú seo agus míníonn sé an chaoi a n-oibríonn an nós imeachta:

D'fhéadfadh go leor cúiseanna bheith ann leis an méadú is deireanaí. Ós rud é go bhfuil daonra na hÉireann ag éirí níos éagsúla, tá níos mó iarratas á ndéanamh ag náisiúnaigh coigríche chun Gníomhas Aonpháirtí a chlárú. Ní mór dóibh ceadúnas a fháil chuige sin ó Rannán Imirce agus Saoránachta na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Má chaitear súil ar stair tíortha eile feictear go bhfuil sé an-choitianta d'ainm a dhéanamh áitiúil agus tú ag teacht chuig agus ag socrú tú féin i dtír eachtrach. B'amhlaidh é seo ach go háirithe do na himircigh Ghiúdacha nó na himircigh nach raibh Béarla ar a dtoil acu chuig na Stáit Aontaithe thar an gcéad seo caite nó níos faide siar.

Uaireanta baineann lánúnacha nach féidir pósadh ar chúis amháin nó cúis eile – mar shampla muna bhfuil céile amháin colscartha nó más lanúin aerach iad – leas as an nGníomhas Aonpháirtí le glacadh leis an ainm teaghlaigh céanna.

D'fhéadfadh go leor cúiseanna eile bheith ag daoine lena n-ainm nó sloinne a athrú ar an mbealach seo, b'fhéidir le drochcháil a sheachaint mar thoradh ar aird an phobail, scannal poiblí deacrachtaí airgeadais nó aon chúis eile nach dteastaíonn uathu baint a bheith acu leis an ainm sin. Tá sé tábhachtach

Elton John..... cad is ainm ann?

sonrú nach gceileann an próiséas seo an duine ó fhreagrachtaí ná ó na hudaráis.

Cáipéis dhlíthiúil neamhghnách atá in Gníomhas Aonpháirtí sa mhéid is nach dtéann ach duine amháin ina bhun. Mar sin Gníomhas leat féin atá ann go héifeachtach I gcás athrú ainm nó sloinne, úsáidtear an Gníomhas Aonpháirtí le tabhairt le fios nach n-úsáidfidh an duine ach an t-ainm nua agus nach n-úsáidfidh sé/sí aon ainm eile. Féadann siad cóip faoi mhionn den Ghníomhas Aonpháirtí a rollú le Príomhoifig na hArd-Chúirte. Ciallaíonn sé seo go n-áireofar an doiciméad ar rolla Gníomhas. Is féidir an Gníomhas 'rollaithe' a chóipeáil agus a cheangal le teastais breithe agus doiciméid dhlíthiúla eile le castachtaí maidir le haitheantas sa todhchaí a réitiú. Ní athraítear an t-ainm ar an teastas breithe riamh ag an bpróiséas seo.

An féidir d'ainm a athrú go hainm ar bith a theastaíonn uait? Bhuel is cosúil gur féidir. Ar a laghad ní dhiúltóidh an Phríomhoifig do Ghníomhas Aonpháirtí ar an mbunús go bhfuil an t-ainm aisteach nó neamhghnách nó fiú go bhfuil an t-ainm céanna ag duine cáiliúil. Ach d'fhéadfá bheith i dtrioblóid dá n-athrófá d'ainm amhránaí cáiliúil agus dá dtosófá ag fógrú do ghnó. Seans nach mó ná sásta a bheadh do chomhainmneach cáiliúil faoi pearsanú a bheith á dhéanamh air nó uirthi

"Deirimid le daoine gur cinneadh trom é seo a mbeidh tionchar aige ar a saol" deireann Paula Healy, Cláraitheoir Phríomhoifig na hArdchúirte. "Seans nach fiú an trioblóid é Elton John a thabhairt ort féin!"

Féadann tú níos mó a fháil amach faoin bpróiséas Gníomhais Aonpháirtí ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, www.courts.ie sa chuid 'Oifig agus Léarscálacha' nó tríd an gcnaipe 'cuardaigh' a úsáid ar an leathanach baile.

Fógra do gach cleachtóir!

An dteastaíonn uait coimeád suas le dáta le hathruithe ar rialacha cúirte?

Breathnaigh ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna (www.courts.ie) don fhoinse is nuashonraí Rialacha agus foirmeacha na Cúirte Dúiche, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Uachtaraí. Breathnaigh ar athruithe agus leasuithe de réir mar a chuirtear ar fáil iad.

Le hiad a aimsiú, téigh chuig an gcuid Rialacha agus Táillí den láithreán gréasáin. Áit a gcuireann ionstraim reachtúil ordú nua isteach sna Rialacha, cuimsímid an t-ordú nua san Innéacs Rialacha. Áit a gcuireann ionstraim reachtúil foscríbhinn nó sceideal nua leis na rialacha, cuimsímid an fhoscríbhinn/sceideal nua sa liosta Foscríbhinní/Sceideal. Seachas seo ceanglaítear na leasuithe ar fad leis an ord, leis an bhfoscríbhinn nó sceideal ábhartha.

Le haghaidh leagain údaraithe d'aon Riail Chúirte / Ordú Táillí déan teagmháil leis an Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Cad atá ar bun i mBainistíocht Cásanna Sibhialta?

Tógann Nuala McLoughlin, Urraitheoir Tionscadail, muid suas le dáta leis na forbairtí atá ag teacht ar an tionscadal:

Mhol straitéis TFC na Seirbhíse Cúirteanna don tréimhse 2006 – 2010 go ndéanfar athbhreithniú ar phróisis dlí teaghlaigh agus dlí sibhialta leis an sprioc caighdeánú a dhéanamh, sa mhéid agus is féidir, ar phróisis thar réigiúin agus dlínsí, ag feabhsú éifeacht agus seirbhís custaiméara, mar an chéad céim i dtreo réiteach comhtháite bainistíochta cásanna. Déanfaidh an t-athbhreithniú próisis a athdhearadh chun tacú le réiteach comhtháite amháin bainistíochta cásanna a thabhairt isteach agus ríomh-Sheirbhísí a chur ar fáil.

In eagráin de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna le déanaí mhínigh an fhoireann tionscadail cúlra agus cuspóir an tionscadail:

- Doiciméadú a dhéanamh ar na próisis dlí teaghlaigh agus dlí sibhialta atá ann faoi láthair (an "mar atá")
- Moltaí a dhéanamh ar shimpliú agus chaighdeánú san áit ar chuí agus ar indéanta é
- Doiciméadú a dhéanamh ar na próisis gur cheart dúinn a úsáid sa todhchaí (an "mar a bheidh")

Tá ceardlanna agus agallaimh chun na próisis a dhoiciméadú "mar atá" curtha i gcrích. D'oibrigh an fhoireann tionscadail le baill foirne in oifigí i mBaile Átha Cliathchomh maith le baill foirne in oifigí na Cúirte Dúiche sa Nás agus i Luimneach agus oifigí na Cúirte Cuarda i gCorcaigh agus i Ros Comáin.

Rinne bainisteoirí agus baill foirne sna hoifigí seo bailmheas ar chur síos mionsonraithe ar phróisis teaghlaigh agus sibhialta. Tá an tuarascáil "mar atá" á scrúdú faoi láthair ag grúpa dearbhaithe cáilíochta sula gcuirfear i láthair don Bhord Tionscadail í.

Tá an obair réitiúcháin don dara céim den tionscadal – sraith ardleibhéil próiséas "mar a bheidh" a fhorbairt, tosaithe. Beidh forbairt ar thacar próisis mionsonraithe "mar a bheidh" mar chríoch ar an dtionscadal.

Darach Green le déanaí mar bhainisteoir cláir um socrú comhtháithe maidir le bainistiú cásanna a fhorbairt. Tagann Darach chuig an tionscadal ón Stiúrthóireacht TFC agus roimhe sin d'oibrigh se in oifig na Cúirte Cuarda Coiriúla i mBaile Átha Cliath.

Stephen McCartney tagtha ar bord foirne reatha an tionscadail freisin. D'oibrigh sé roimhe i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí .

Bímid i gcónaí ag iarraidh cloisteáil faoi fheabhsúcháin, go háirithe i réimse na teicneolaíochta i ndlínsí eile. Thugamar faoi deara gur thug Seirbhís Chúirte Tuaisceart Éireann (NICtS) isteach Córas Oibríochtaí Cúirte Comhtháite (ICOS) le déanaí. Ag smaoineamh ar an obair atá á déanamh ar ár gCóras Bainistíochta Cásanna Sibhialta, d'iarramar ar Jacqui Durkin, Ceann Oibríochtaí, NICtS níos mó a insint dúinn faoin tionscadal deireanach:

"Le déanaí chuireamar i bhfeidhm córas TFC comhtháite amháin a bhfuil comhardán leictreonach aige um ghnó sibhialta, coiriúil agus teaghlaigh. D'athraigh ICOS próisis láimhe traidisiúnta thar gach leibhéal cúirte agus i ngach réimse de ghnó cúirte. Cuireann Cléirigh Cúirte isteach torthaí i 'réadam' sa seomra cúirte agus sa bhealach sin cuirtear an t-eolas cáis ar fáil do agus bíonn rochtain éasca air ag gach úsáideoir údaraithe ó aon ionad cúirte. Déantar áiseanna digiteacha taifeadta fuaime a chomhtháthú le ICOS le dúbailt a laghdú agus taifid cáis a fheabhsú."

Deireann Jacqui "go réadúil, tá níos mó i gceist le ICOS ná díreach córas TCF nua a chur i bhfeidhm; clár um athrú iomlán gnó atá ann a chuireann custaiméirí i lár an ghnó agus fíoréifeachtúlachtaí gnó á seachadadh.

Thacaigh sé le dhá ionad seirbhíse a chruthú a sholáthraíonn lárú níos éifeachtúlaí próisis cúirte cúl-oifige. Próiseálann an tIonad Próiseála Sibhialta imeachtaí cúirte contae go dtí go liostaítear iad agus go ndéantar orduithe iar-chúirte. Láraigh ár nIonad Seirbhíse Custaiméra íocaíochtaí isteach in oifgí cúirte, feidhmeanna bainistíochta giúiré agus eisiúint barántas réamhshocraithe.

Ligeann ICOS do rogha níos leithne sa chaoi a n-idirbheartaíonn ár gcustaiméirí gnó; ag aon oifig chúirte dár gcuid, ar ár láithreán gréasáin ag www.courtsni.gov.uk, nó trí theileafón.

D'éascaigh ICOS seirbhísí ar líne mar: áiseanna cuardaigh agus Éilimh Bheaga ar líne agus tosóidh Cóipeáil Ordaithe Cúirte ar líne i ndáiríre san fhómhar."

Is í an chéad chéim mhór eile ná ICOS a chomhtháthú leis an gClár Causeway, córas nuálaíoch a bhunaíonn naisc leictreonacha idir na príomhghníomhaireachtaí ceartais choiriúil i dTuaisceart Éireann.

Aire Seirbhíse Cúirte Tuaisceart Éireann , An tUasal David Hanson MP le Ms. Jacqui Durkin, Ceann Oibríochtaí agus an tUasal David Lavery, Stiúrthóir, Seirbhís Cúirte Tuaisceart Éireann ag na ceiliúrthaí ICOS i gCaisleán Hillsborough

Má theastaíonn uait níos mó a fháil amach faoi ICOS, déan teagmháil le do thoil le Seirbhís Eolais Seirbhís Cúirte Tuaisceart Éireann ag 028 9041 2387 nó cuir r-phost chugainn ag informationcentre@courtsni.gov.uk

Ag tacú le baill foirne lena gcuid scileanna a fheabhsú

Tagann tú trasna ar chúrsa a bhfuil a fhios agat go bhfeabhsóidh sé do scileanna sa láthair oibre. Tá tú sásta tabhairt faoin gcúrsa i d'am féin. An bhfuil a fhios agat go dtacóidh an tSeirbhís Chúirteanna le do chuid iarrachtaí trí cúnamh airgeadais agus cúnamh eile a sholáthar le tú a thosú agus a choimeád ansin? Míníonn Fiona Farrell ón Aonad Oiliúna:

Bíonn an iomaí scileanna éagsúla ag teastáil ó bhaill foirne na Seirbhíse Cúirteanna. "Teastaíonn baill foirne uainn a bhfuil na scileanna agus leibhéil saineolais cuí acu thar réimse leathan réimsí lena n-áirítear bainistíocht, airgeadas, seirbhís custaiméra, riarachán poiblí, agus teicneolaícht faisnéise agus cumarsáide," dar le Fiona. "Cé go bhfeidhmímid clár oiliúna inmheánaí cuimsitheach molaimid do bhaill foirne freisin páirt a ghlacadh i gcúrsaí taobh amuigh d'uaireanta oibre agus tugaimid luach saothair dóibh as seo a dhéanamh trí na táillí atá i gceist a aisíoc. Measaimid gur infheistíocht fhiúntach atá anseo. Baineann an eagraíocht ina hiomlán leas as nuair a thógann baill foirne scileanna nua nó feabhsaithe chuig an láthair oibre."

> **"Baineann an eagraíocht ina hiomlán leas as nuair a thógann baill foirne scileanna nua nó feabhsaithe chuig an láthair oibre."**

Cuirtear tacaíocht ar fáil trí táillí cúrsa a chúiteamh ag deireadh gach bliana acadúla. Freisin tá soláthar do shaoire íoctha le haghaidh staidéir agus scrúdaithe. Mar is amhlaidh le haon chineál saoire, ní mór cead a iarraidh roimhe ón mbainisteoir líne agus ní mór go rachadh an t-amchlár scrúdaithe oifigiúil leis an iarratas ar shaoire. Tá teidlíocht chun suas le 5 lá saoire staidéir íoctha agus suas le 5 lá saoire staidéir neamhíoctha i ngach bliain acadúil (déantar na 5 lá saoire staidéir íoctha/neamhíoctha prorata do shealbhóií poist atá roinnt oibre) agus tugtar saoire i gcaitheamh gach scrúdaithe.

Mar sin cén saghas cúrsaí a dtacaítear leo? "Is í an riail ghinearálta ná go meastar go gcuireann an cúrsá atá á thabhairt faoi le forbairt phearsanta an duine aonair agus le riachtanais oibriúcháin agus forbartha na roinne/oifige. Mar sin cé go bhféadfadh go gcuirfeadhióga tantrach le d'fhorbairt phearsanta bheadh sé an-deacair dom cur ina luí ar an Roinn Airgeadais go bhfuil sé ábhartha do do phost sa tSeirbhís Chúirteanna!," deireann Fiona. Is iad na cineálacha cúrsaí a nglactar leo go ginearálta ná cuntasaíocht, staidéar gnó agus bainistíochta, bainistíocht acmhainní daonna, teicneolaíocht na faisnéise, riarachán poiblí, cúrsaí dlí agus gairmiúla do ghráid ghairmiúla/theicniúla.

"Is é an pointe is tábhachtaí ná nach mór dúinn bheith sásta go bhfuil an cúrsa ábhartha d'fhostaíocht an duine agus go dtugtar faoi go príomha in am saor an sealbhóra poist," says Fiona. "Freisin ní mór go gcuirfeadh institiúid oideachais nó comhlacht gairmiúil aitheanta na cúrsaí ar fáil agus ní mór go mbeadh cáilíocht oideachasúil dara nó tríú leibhéil, gairmiúil nó gairmcháilíocht mar thoradh orthu"

> **"Tá sé tábhachtach admháil phoiblí a thabhairt don chóras tacaíochta oideachais iontach atá ar fáil laistigh den tSeirbhís Chúirteanna, a chabhraigh liomsa gan amhras mo chuspóir mianta a bhaint amach"**

Rosemary Brady ag fáil a Dioplóma Onóracha i mBainistíocht Phoiblí

Le haisíocaíocht táillí a fháil, ní mór go mbeadh an bhliain acadúil iomlán críochnaithe ag baill foirne agus taifead freastail sásúil bheith acu agus ní mór go mbeadh fianaise acu ar na scrúdaithe ábhartha a shuí agus fáltais do na táillí a íocadh. Freisin ní mór dóibh aontú má fhágann siad an Státseirbhís sula gcríochnaíonn siad bliain amháin seirbhíse i dtaobh gach bliana acadúla nó tréimse cúrsa a íocadh as go n-aisíocfaidh siad an íocaíocht sin don tSeirbhís Chúirteanna. Mar shampla iarrfar ar oifigeach a thugann faoi chúrsa trí bliana trí bliana seirbhíse a sholáthar tar éis dó/di an cúrsa a chríochnú.

Fiona Farrell

Áiríonn baill foirne a bhain leas as an scéim Rosemary Brady ó Oifig Cúirte Cuarda an Chabháin a fuair dioplóma onóracha i mBainistíocht Phoiblí níos luaithe i mbliana. "Mholfainn do dhaoine eile glacadh leis an dúshlán seo," dúirt Rosemary linn. "Tá sé tábhachtach admháil phoiblí a thabhairt don chóras tacaíochta oideachais iontach atá ar fáil laistigh den tSeirbhís Chúirteanna, a chabhraigh liomsa gan amhras mo chuspóir mianta a bhaint amach."

Tá sonraí iomlána ar an Scéim Aisíocaíochta Táillí, an nós imeachta um chur isteach air agus gach foirm ábhartha ar 'Courts Information> Human Resources> Training> Refund of Fees Scheme July 2007'. Is féidir fiosrúcháin a chur trí r-phost chuig TrainingCentre@courts.ie.

Méadú ollmhór ar chásanna den tiomáint faoi thionchar dí

Léiríonn figiúir nua a scaoil an tSeirbhís Chúirteanna thar mhíonna an tsamhraidh méadú mór i dtrí mhór-réimse coireachta maidir le trácht ar bhóithre. Imlínítear thíos na torthaí ó chatagóirí cionta ar leith. Léirítear réimsí inar thárla méaduithe suntasacha ar líon na gcásanna a bhí á láimhseáil ag na cúirteanna.

Is féidir an gá le báis ar bhóithre a laghdú a bhíonn ann i gcónaí a bhaint amach ar go leor bealaí. Áiríonn siad oideachas, brú piar agus pobail, faireachas tiománaithe agus dlíthe. Ar cheann de na bealaí is poiblí a mhaolaíonn muidne, mar shochaí, drochthiomáint agus tiomáint choiriúil ná trí na tiománaithe atá i gceist a bhrath, a ionchúiseamh agus a thógáil os comhair na cúirte.

Tháinig méadú 12% ar líon na gcásanna tráchta bóthair a diúscraíodh, ó 198,412 i 2005 go 222,376 i 2006. Tharla sé seo ó cuireadh tús le tástáil randamach anála agus toisc go n-ionchúisítear sa ghnáthchúrsa iad siúd a mhainníonn táillí pionóis seasta a íoc

Tháinig méadú 79% ar chásanna de thiomáint faoi thionchar an óil, faigheann 804 duine pianbhreith príosúin nó coinneála

Phléigh an Chúirt Dúiche le 27,826 cás de thiomáint faoi thionchar an óil anuraidh, méadú ó 15,540 i 2005. Cuireadh ordú coinneála nó príosúnachta ar 531 acusan a ciontaíodh, gearradh fíneálacha ar bheagnach 11,000 acu agus dícháilíodh 11,277 acu.

Méadú 51% ar chásanna tiomána contúirtí ar pléadh leo

Tháinig 6,721 cás tiomána contúirtí os comhair na Cúirte Dúiche anuraidh – méadú ó 4,448 i 2005. D'áirigh pianbhreitheanna dóibhsean a ciontaíodh 421 pianbhreith príosúin, 1,239 fíneáil agus 1,200 dícháiliú

Méadú 27% ar chásanna d'fheithicil a thógáil gan cead

Mhéadaigh na cásanna de ghluaisteáin agus mótarfheithiclí eile a ghoid ag 27% anuraidh ó 1,776 in 2005 go 2,254 anuraidh.

Téann an Ard-Chúirt ar fud an náisiúin

Nuacht spéisiúil dúinn ab ea go bhfuil an Ardchúirt ag suí níos minicí in ionaid ar fud na tíre. Mar sin cad a spreag an bogadh seo amach ó na Ceithre Chúirt agus an bhfuil sé ag déanamh difríochta? Labhraíomar leis an bPríomhchláraitheoir, Ciarán Kelly le fáil amach:

"Ní feineamán nua atá san Ard-Chúirt sna cúigí", deireann Ciarán ag rá gur pléadh le cásanna díobhálacha pearsanta agus achomhairc ón gCúirt Chuarda in ionaid éagsúla ar feadh roinnt blianta. "Is é an rud a d'athraigh ná gur cuireadh cásanna na Príomh-Chúirte Coiriúla agus réimse cásanna neamhghiúiré agus seansaireachta leis an taobh sibhialta . Is é an toradh atá air sin ná gur cosúil go mbeidh an Ard-Chúirt ag suí in ionad eile chomh maith leis na Ceithre Chúirt i mBaile Átha Cliath."

Tháinig roinnt fachtóirí le chéile le cinntiú go n-eireodh leis an iarracht seo ag Uachtarán na hArd-Chúirte. Bhí an feabhas ar áiseanna cúirte ríthábhacthach. A bhuíochas leis an mórchlár tógála agus athchóirithe ar fhoirgnimh cúirte le seacht mbliana anuas, tá dóthain seomraí cúirte nua-aimseartha ann, maille le háiseanna bainteacha, chun freastal ar níos mó suíonna cúirte, i bhformhór na gcontaetha.

"Bhain an Ard-Chúirt leas as na feabhsúcháin seo," sonraíonn Ciarán. "Rud eile a bhí chomh tábhachtach leis sin ná gur ceapadh breithimh bhreise níos luaithe i mbliana. Ligeann siad dúinn an líon suíonna i mBaile Átha Cliath a choimeád agus suíonna breise a shocrú ar fud na tíre."

"Níos luaithe i mbliana phléigh an Ard-Chúirt le cásanna seansaireachta sa Nás agus i dTrá Lí agus le cásanna neamhghiúiré i nDún Dealgan agus Bré," deireann Ciarán. "Agus shuigh an Phríomh-Chúirt Choiriúil i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh."

Má bhreathnáitear ar an sceideal d'fhoireann cúirte Dheireadh Fómhair go Nollaig 2007 feictear go bpléifear le cásanna neamhghiúiré i gCorcaigh, Caisleán an Bharraigh agus Luimneach agus go suífidh an Phríomh-Chúirt Choiriúil i gCorcaigh agus Trá Lí. "Beidh sé seo sa bhreis ar na ghnáthshuíonna Ardchúirte le plé le cásanna díobhálacha pearsanta a leanann ar aghaidh i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach,Port Láirge, Sligeach, Inis agus Dún Dealgan. Agus tá achomhairc Cúirte Cuarda fós á gcloisteáil i ngach cuaird."

Léiríonn na figiúir gur shuigh an Ard-Chúirt ar feadh 45 lá taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2006, thar na gnáthdhátaí díobhálacha pearsanta agus achomharc cuarda. Méadóidh sé seo go 120 lá i rith na tréimse céanna i 2007.

"Déanann suíonna méadaithe an rochtain ar cheart níos gasta trí ligean dúinn níos mó cásanna a sceidealú. Cabhraíonn plé le cásanna go háitiúil leosan ar fad a bhfuil baint acu le dlíthíocht trí costais taistil, lóistín agus costais eile a bhaineann le gach cás a chloisteáil i mBaile Átha Cliath"deireann Ciarán.

Teach Cúirte na hInse

Teach Cúirte Chaisleán an Bharraigh

Teach Cúirte Chorcaí

Teach Cúirte Shligigh

Tosaíonn Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna i ndáiríre

Bliain chinniúnach a bhí ann do Chóras Cuntasaíochta na gCúirteanna (CCC) a bhfuil sé mar aidhm aige próiseáil cúrsaí mar fhíneálacha, bannaí, cothabháil dlí teaghlaigh, bosca na mbocht agus táillí cúirte a fheabhsú . Cheapamar go mbeadh sé tráthúil anois sibh a thabhairt suas le dáta ar a bhfuil ar bun agus réamhbhreathnú rúnda a thabhairt daoibh ar na pleananna le haghaidh na míonna atá romhainn.

Le hé seo a dhéanamh, d'iarr Shay Keary tuairimí baill foirne ar fud na tíre a bhfuil baint acu leis an tionscadal go dtí seo agus d'fhiafraigh sé díobh conas atá ag éirí le cúrsaí :

Hilda McDermott

Labhair Hilda McDermott, bainisteoir na Lároifige Chuntasaíochta Cúirte (LCC), go deireanach anuraidh faoin oifig seo a bhunú. Tá an oifig seo ag imirt ról mór i CCC a imlonnú agus a thacú. Labhraíomar léi arís le déanaí.

An bhféadann tú achoimre tapa ar a ndéanann an LCC a thabhairt dár léitheoirí?

Is é atá san oifig ná ionad Seirbhíse Roinnte le tacú le gníomhaíochtaí airgeadais na n-oifigí Cúirte Dúiche. Bainistímid CCC agus tugaimid tacaíocht d'úsáideoirí an chórais. Thógamar ar bord íocaíochtaí amach do chreidiúnaithe imeachtaí Cúirte Dúiche a bhainistiú, le haghaidh nithe mar íocaíochtaí cothabhála Dlí Teaghlaigh, íocaíochtaí fíneálacha srl. do na hoifigí úd a bhfuil baint acu le treoirchéim an tionscadail. De réir mar a bhogaimid níos faide thar an gcéim treorach beidh oifigí Cúirte Dúiche ag brath orainn tacú lena n-idirbhearta airgeadais.

Tá an oifig seo réasúnta nua agus athrú mór don tSeirbhís Chúirteanna atá inti. Inis dúinn faoin dul chun cinn go dtí seo.

Is fíor gur athrú mór don eagraíocht atá inti. Láraíomar agus rinneamar uathoibríoch go leor den obair a rinneadh ag leibhéal áitiúil roimhe agus anois déanaimid an obair seo níos éifeachtúlaí. Ó thosaigh an córas CCC i ndáiríre i bhFeabhra tháinig cúig oifigí i mBaile Átha Cliath ar líne in Aibreán agus tháinig ár gcéad oifigí cúige (Sligeach agus an Nás) ar bord ó sin. Cuar foghlama mór a bhí ann dúinn go léir ach ceapaim gur lig obair chrua agus tiomantas na mball foirne sa LCC agus i dtreoiroifigí na Cúirte Dúiche dúinn dul chun cinn iontach a dhéanamh agus táim muiníneach gur féidir linn é seo a leanacht ar aghaidh sa tar-rolladh.

Conas a d'fheabhsaigh an tionscadal Seirbhís Custaiméra?

Tugann cruthú na hoifige agus cur i bhfeidhm an CCC ardán dúinn leis an réimse seirbhísí a sholáthraímid a leathnú agus a fheabhsú. Cheana féin thógamar isteach íocaíochtaí trí Aistriú Leictreonach Cistí (ALC) dár gcreidiúnaithe. Mar shampla, anois íocaimid breis is 50% d'íocaíochtaí cothabhála dlí teaghlaigh do Shligeach díreach go cuntais bainc na gcreidiúnaithe agus tá glacadh 30% leis an áis in oifig Cúirte Dúiche an Náis cheana.

Rinneadh íocaíochtaí go creidiúnaithe Bhosca na mBocht nó as costais agus ordaithe cúitimh i bhfad níos gasta. Sa seanchóras, ní fhéadfaí é seo a dhéanamh ach uair amháin sa mhí toisc gur thóg sé a lán ama an t-airgead a bhí indlite a ríomh. Anois déanaimid íocaíochtaí ar bhonn seachtainiúil go na creidiúnaithe seo. I mBaile Átha Cliath, rinneadh sé níos gasta bannaí a aisíoc agus bannaí a n-aisíoc go huathoibríoch ar chríoch an cháis.

Bhí oifig Cúirte Dúiche Shligigh ina ceannródaí do CCC cheana toisc go bhfuil sí ar ceann de na sé oifig a bhí ag obair ar sheanleagan CCC. Anois tá siad aistrithe go leagan nua an CCC. D'iarramar ar Bill Cashell, Príomhchléireach, insint dúinn conas atá ag éirí leo.

Cén chomparáid atá idir an córas nua agus an seanchóras?

Tá sé i bhfad níos fearr le modhanna níos sruthlínithe agus éifeachtaí um fháltais dlí teaghlaigh agus sonraí cáis a chruthú. Freisin, rinne sé an nós imeachta fáltas d'fhíneálacha i bhfad níos gasta.

Cén tionchar a bhí ag an athrú ar d'oifig?

Toisc go ndéantar gach íocaíocht ón LCC anois, bhain sé as an gá le cuntais nua a chomhardú srl. Freisin bhain sé as an gá le buanordaithe a íoslódáil agus seiceanna cothabhála a eisiúint. Ba cheart go dtabharfadh sé go leor ama saoir go háirithe do bhaill foirne a gcomhlíonann na freagrachtaí áirithe seo. Ní bhrathfar an

Bill Cashell, Príomhchléireach, Oifig Cúirte Dúiche Shligigh (3ú ó dheis), le baill foirne ón oifig. Sa ghrianghraf freisin tá : Sean Quigley, Stiúrthóir Airgeadais (ar chlé ar fad agus Shay Keary, Stiúrthóireacht Airgeadais (ar dheis ar fad).

Foireann Oifige Cúirte Dúiche, clé go deis: Valerie Keane, Declan Curry (Príomhchléireach), Deirdre Lennon agus Aifric Hurrell

fíortionchar san oifig seo go dtí níos déanaí sa bhliain.

An bhfuarthas aon aiseolas ó bhur gcustaiméirí?

Ní bhfuair mé aon aiseolas diúltach ar an nós imeachta nua. Chuir roinnt creidiúnaithe i ndlí teaghlaigh a mbuíochas in iúl as an áis ALC nua, trína gcuirtear a gcothabháil chun sochar a gcuntais bainc go seachtainiúil. Ní aon chúis go mbeadh aon pháirtithe míshásta leis an nós imeachta nua. Uaireanta cloisimid tráchta má théann rud éigin mícheart mar sin b'fhéidir gur maith scéal gan aon drochscéal.

An molfá an córas d'oifigí eile?

Ceapaim go gcuirfidh oifigí eile fáilte mhór roimh an gcóras, agus sraith iomlán lámhleabhar nuashonraithe leis. D'fhéadfadh go mbainfidh an ráiteas The saying "NO GAIN WITHOUT PAIN" le hoifigí nach bhfuil CCC acu le linn dóibh aistriú go CCC acu is fiú an iarracht an luach saothair a d'fhéadfadh teacht as.

Thosaigh Cúirt Dúiche an Náis ag baint úsáide as CCC ar an 27 Lúnasa agus mar sin, agus é fós úr ina chuimhne, d'iarramar ar Declan Curry taithí na hoifige ar réitiú i gcomhair CCC a thabhairt isteach a roinnt.

Tá sibh díreach tar éis CCC a thosú i ndáiríre. Conas atá ag éirí leis go dtí seo?

Ceapaim go bhfuil ag éirí go maith leis, níl an oiread fadhbanna tosaigh agus a bhí mé ag súil leo agus b'fhéidir gurb é an chúis leis sin ná an tacaíocht ar an suíomh atá againn. Tiocfaidh fíorchruthú an chórais nuair a thosaíonn na cúirteanna arís agus nuair atáthar ag plé leis an réimse iomlán gnó cúirte (i. Bannaí, Forfheidhmiú Sibhialta srl). Cé gur baineadh leas mór as an oiliúint le léiriú conas a d'oibreodh an córas, ní fhéadfadh sé dul in áit na bhfíoroibríochtaí a bhfuilimid ag plé leo anois.

Cérbh iad na réitiúcháin a bhí le tabhairt fúthu roimh thosú i ndáiríre?

Ba í an phríomhréimse réitiúcháin ná aistriú sonraí dlí teaghlaigh. Ba é an chéad rud a bhí le déanamh ná na comhaid nó cásanna gníomhacha go leor a raibh íocaíocht ina gcoinne sna dá mhí déag seo caite a aithint. Ansin bhí orainn na scarbhileoga a chuir an Fhoireann Tionscadail CCC ar fáil dúinn a líonadh leis na sonraí ábhartha go léir d'fhéichiúnaithe agus creidiúnaithe cothabhála a bhailiú lena n-áiríodh uimhir cáis nó comhaid (sainuimhir don oifig), ainmneacha agus seoltaí, ainmneacha agus dátaí breithe leanaí (eolas ríthábhachtach) sonraí cuntas bainc agus nóta ar ordú na Cúirte do gach cás.

Críochnaíodh an oibríocht go léir thar thréimhse sé go seacht seachtaine agus rinneadh an chuid is mó den obair tar éis uaireanta gnó. Éacht iontach do na baill foirne a thug faoin tasc a bhí ann.

An bhfuil aon leidí agat do na hoifigí eile nuair a bheidh siad ag cur i bhfeidhm CCC?

Chabhródh sé fógra trí mhíosa a thabhairt don oifig sula dtosaítear i ndáiríre agus athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaid dlí teaghlaigh. Ní aithníonn an fhoireann Cúirte Dúiche ar an talamh ceisteanna cúraim don LCC agus don Fhoireann Tionscadail CCC láithreach. D'fhéadfadh ceisteanna éagsúla bheith i gceist mar fhéichiúnaithe a charnaigh iarmhéid sochair mór nó a mhéadaigh a n-íocaíochtaí as líne leis an ordú cúirte. Ba cheart ceisteanna den sórt sin a rialú áit ar féidir. Ba cheart ainmneacha agus seoltaí nuashonraithe a shocrú. Muna n-úsáidtear cheana é, ba cheart úsáid buanordaithe mar mhodh íocaíochta a mheas agus áit ar féidir, faigh sonraí cuntas bainc na gcreidiúnaithe (réitíonn é seo an bealach i gcomhair íocaíochta ag ACL).

An molfá CCC?

Mholfainn go hard é. Borradh mór don oifig atá ann. Chomh maith leis an obair leadránach a bhaineann le fáltais láimhe agus eisiúint seiceanna a bhaint as, tá réiteach iarmhéideanna míosúla imithe freisin.

Anois go bhfuil CCC curtha i bhfeidhm, an bhfuil moill ag teacht ar ghníomhaíocht? Níl ar chor ar bith! Insíonn Shay Keary, Bainisteoir Tionscadail dúinn faoi na pleananna do na míonna atá romhainn.

Cé gur bliain an-tairbheach don tionscadal ab ea 2007, ní ann i ndáiríre ach an tús. Táimid fós sa chéim phíolótach agus táimid díreach tar éis a toradh a athbhreithniú de réir na gcuspóirí a leagamar dúinn féin. Gan bheith ag iarraidh an t-athbhreithniú iomlán a réamhmheas, tugann an fhianaise atá ar lámh dóthain muiníne dúinn as rath an tionscadail le féachaint thar an gcéim phíolótach .

Críochnóimid an t-athbhreithniú ar an gcéim phíolótach faoi dheireadh na bliana ach tosóimid ag obair ar roinnt réimsí eile ag an am céanna. Sna seachtainí atá romhainn déanfaimid é seo a leanas:

- Tosóimid ar na hoifigí atá fós ag obair ar an seanleagan de CCC a aistriú chuig an leagan nua
- Ceapfaimid agus aontóimid ar straitéis le bainistíocht na gCúirteanna Réigiúnda agus Dúiche le CCC a thar-rolladh chuig na hoifigí Cúirte Dúiche ar fad atá fágtha.
- Cuirfimid láithreán gréasáin ar fáil, trí fíneálacha a ghearrann an chúirt a íoc tríd an idirlíon.
- Aithneoimid aon fheabhsúcháin a fhéadaimid déanamh ar an gcóras agus forbróimid na feabhsúcháin seo.

D'fhoghlaimíomar go leor thar an sé mhí seo caite agus beimid ag cur an taithí a fuaireamar in oifigí an Náis, Shligigh, agus Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm i rith an chuid eile den tionscadal. Táimid ag tnúth go mór le hoibriú le go leor oifigí eile sna míonna atá romhainn. Táimid cinnte gur féidir linn leanacht orainn le chéile ag cur le rath an tionscadail seo.

Cléirigh Cúirte an Deiscirt – cur chuige úr i dtreo oiliúna

Ní hamháin gur éirigh thar barr le comhdháil le déanaí um Chléirigh Cúirte Réigiún an Deiscirt ach ba é an chéad chomhdháil den sórt sin don tSeirbhís Chúirteanna. Thóg an chomhdháil le chéile cléirigh ón gCúirt Chuarda agus ón gCúirt Dúiche le breathnú ar ábhair comhspéise. Labhraíomar le David Colbert ó Oifig Réigiúnach an Deiscirt, eagraitheoir na himeachta:

Clé go deis Mary Crowley, Cúirt Chuarda Chorcaí David Colbert, Ruth Penney (ó Oifig Réigiúnach an Deiscirt), Noel Chambers, Príomhchléireach, Cúirt Dúiche Luimnigh Elaine Jones, Oifig Réigiúnach an Deiscirt, Eamon Kiely, Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt, James V. Woods, Iar-Phríomhchléireach, Cúirt Dúiche Luimnigh

"Thug an chomhdháil deis dúinn cléirigh cúirte ó ar fud an réigiúin a thógáil le chéile den chéad uair. Bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh 46 comhleacaí ar an lá. Dhíríomar ar an gCúirt Leanaí, mar gheall ar na hathruithe reachtaíochta le déanaí agus na nósanna imeachta um plé le leanaí ag an gcúirt. Bhreathnaíomar freisin ar conas is fearr cúirt a bhainistiú," míníonn David.

Agus a ról ríthábhachtach i riarachán na gcúirteanna tógtha sna áireamh, thug an chomhdháil deis luachmhar do na cléirigh coimeád suas le dáta le hathruithe ar reachtaíocht agus ar chleachtas agus nós imeachta a mbeadh tionchar acu ar a gcuid oibre. "Freisin feabhsaíonn comhdhálacha ról an chléirigh chúirte," deireann David. "Féadaimid an t-eolas corparáideach a chailltear mar gheall ar scor agus gluaiseachtaí eile foirne a nuashonrú. Agus féadaimid deis a thabhairt do chléirigh foghlaim óna chéile agus cabhrú leis an gcleachtas is fearr a fhorbairt sa bhealach sin."

Mar sin cad a bhí ar an gClár Oibre don lá? Labhair Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt, Eamonn Kiely, faoi 'Valuing the role of Court Clerks' agus leag Terry Agnew ó Fhorbairt Eagraíochta agus Oiliúint amach 'Role of The Court Clerk'.

Bhí go leor spéise ina raibh le rá ag Noel Chambers, Príomhchléireach Oifige Cúirte Dúiche Luimnigh i dtaobh'Managing your Court'. Chlúdaigh sé roinnt réimsí tábhachtacha lena n-áiríodh ceapachán Cléirigh Cúirte Dúiche faoi alt 46(2) d'Acht Oifigigh Cúirte, 1926 agus sannadh dualgas in alt 48 den Acht. Freisin leag sé béim ar ról na mbreithiúna faoi alt 65(2) den Acht Oifigigh Cúirte, 1926.

"Chuir sé i gcuimhne dúinn go bhfuil sé mar oibleagáid ar gach oifigeach cúirte a bhfuil ról aige/aici i gcásanna a liostú na dualgais seo a chomhlíonadh ar bhealach cóir agus réasúntaasheachnaíonn aon iomrall ceartais. Dúirt sé gur Cúirt Taifid atá sa Chúirt Dúiche áit arb é an t-ordú foirmeálta an t-aon fhianaise ar chinneadh an Bhreithimh (Alt 13 agus 14, An tAcht Cúirteanna, 1971). Mar sin tá sé an-tábhachtach go ndéantar an cinneadh ceart a thaifead," deireann David.

"Labhair Mary Geaney, Bainisteoir Náisiúnta Aonad Cónaithe Sheirbhís na hÉireann um Cheartas d'Ógánaigh (IYJS) faoi obair na Seirbhíse agus go háirithe a misean maidir le leanaí," lean David air. "Is é atá sa tSeirbhís ná oifig feidhmiúcháin nua sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus beidh sí ag obair sa timpeallacht chéanna linne. D'fhoráil athruithe ar Acht na Leanaí, 2006 do shainchuspóir an IYJS i réimsí na coinneála chomh maith le hathruithe ar aois na freagrachta coiriúla agus córas orduithe iompair do leanaí (ASBOS) a thabhairt isteach. Chuir cléirigh cúirte spéis faoi leith i réimse na n-ionad coinneála do leanaí. Ó 2ú Eanáir 2007leagadh cúram ar an IYJS as 77 leaba in ionaid choinneála in Ionad Leanaí agus Óganach Fhionnghlas, (18 leaba), Scoil Buachailí Oberstown (20 leaba), Scoil Cailíní Oberstown (12 leaba) agus Teach na Tríonóide (27 leaba). Soláthraíonn an IYJS uimhir teileafóin atreoraithe 24/7 le fáil a sheiceáil."

Údar aitheanta sraith leabhar ar Chleachtas agus Nósanna Imeachta na Cúirte Dúiche atá i bPríomhchléireach Scortha Oifige Cúirte Dúiche Luimnigh, James V. Woods. Bhí na cléirigh cúirte buíoch as a scrúdú ar na hathruithe ar nósanna imeachta agus reachtaíochta i ndiaidh achtachán Acht na Leanaí, 2001.

"Bhí Jim ar a dhícheall ag rá go raibh go leor d'fhorálacha an Acht leasaithe nó curtha ionad ag cuid 12 agus 13 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006," míníonn David. "Leag Jim béim ar roinnt

Clé go deis: Eamon Kiely, Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt, Mary Geaney, Bainisteoir Náisiúnta, Aonaid Chónaithe, IYJS, David Colbert, Oifig Réigiúnach an Deiscirt.

Paul Cosgrave, Cúirt Dúiche Mhala, ag clárú don chomhdháíil le Elaine Jones, Oifig Réigiúnach an Deiscirt.

Cainteoirí ar an lá ó chlé go deis: Noel Chambers, Príomhchléireach Cúirt Dúiche Luimnigh, Terry Agnew, Oifigeach Oiliúna, James V. Woods, Iar-Phríomhchléireach, Cúirt Dúiche Luimnigh

foirmeacha atá le nuashonrú le athruithe ar reachtaíocht le déanaí a thógáil san áireamh, rud a bhain cléirigh cúirte an-leas as. Freisin sholáthraigh sé roinnt eolais praiticiúil ar nósanna imeachta oifige maidir le comhaid ar chásanna leanaí a choimeád."

Féadann seirbhísí ateangaireachta an-fhreagra a fháil mar a fuair Mary Crowley (a ceapadh le déanaí mar Phríomhchléireach Oifige Cuarda Chorcaí) amach. "Ghlac Mary páirt sa chonradh nua a bhunú ar bhonn náisiúnta," míníonn David. "Bhreathnaigh sí ar an réimse iomlán lena n-áirítear an cúlra do chonradh a bhronnadh, conas a chuireann tú ateangaire in áirithe agus conas a eagraíonn tú íocaíocht. D'aithnigh an seisiún ceisteanna agus freagraí bríomhar a tháinig tar éis a cur i láthair na deacrachtaí atá ag éirí as an tseirbhís nua."

Ba í an tuairim ar an imeacht ina diaidh ná gur clár gnóthach a bhí ann a bhí lán le heolas úsáideach do chách. "Táim buíoch as comhdháil an-eolasach agus taitneamhach. Táim ag tnúth go mór leis an gcéad cheann eile. Cabhróidh a raibh le rá ag Jim Woods agus Noel Chambers liom le mo dhualgais laethúla a chomhlíonadh", a dúirt Mary Linehan, Cléireach Cúirte Dúiche i gCorcaigh. Bhí an tuairim chéanna ag Miriam Stack a fuair go raibh an chomhdhail "an-eolasach agus bhí áthas orm an deis a fháil líonrú le comhleacaithe."

Is cosúil gur éirigh thar barr le David. Táimid ag tnúth le labhairt leis arís an bhliain seo chugainn

Réachtálfaidh an Cumann Idirnáisiúnta um Riarachán Cúirte comhdháil mhór i mBaile Átha Cliath

Réachtálfar Tríú Comhdháil an Chumainn i gCaisleánBhaile Átha Cliathón 21ú go 23ú Aibreán 2008. Tá sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an chumainn www.iaca.ws.

Cuireann an Cumann, a bunaíodh i 2005, chun cinn bainistíocht agus riarachán cúirte feabhsaithe i ngach tír agus cothaíonn sé gairmiúlacht agus coláisteacht i measc iadsan a sheirbheálann i gcórais cúirte ar fud an domhain . Cuireann an Cumann fáilte roimh bhaill nua. Déan teagmháil le Noel A. Doherty ó Stiúrthóireacht Athchóirithe agus Forbartha na Seirbhíse Cúirteanna ag 01 8886760 (r-phost: nadoherty@courts.ie) le haghaidh sonraí.

Tá sé in am athrú a dhéanamh, agus tá atheagrú á dhéanamh ar cheantair na Cúirte Dúiche

Is fada a bhíothas ag fanacht leis an athbhreithniú a rinneadh ar ionaid, suíonna agus ualach oibre na Cúirte Dúiche, ach bhí an-fháilte roimhe mar sin féin, a deir Gerry Curran:

Ní dhearnadh athbhreithniú iomlán ar obair na Cúirte Dúiche le 46 bliiana anuas. Tá an-difir idir Éire an lae inniu agus Éire mar a bhí sé i 1961 nuair a rinneadh an t-athbhreithniú deiridh ar Ordú na Cúirte Dúiche (Ceantair). Tá an tobmhéadú daonra sa leath thoir den tír go háirithe tar éis breis éileamh a chruthú ar sheirbhísí chúirteanna in go leor contaetha. Tá go leor feabhsúcháin déanta chun cabhrú leo siúd a bhaineann úsáid as na cúirteanna, go háirithe sna foirgnimh, áit a bhfuil na háiseanna feabhsaithe go mór.

Ní mór cur leis na feabhsúcháin seo trí athstruchtúrú a dhéanamh ar obair na gcúirteanna siúd ina ndéantar an chuid is mó de ghnó cúirte a chur i gcrích. Is í an Chúirt Dúiche an chúirt is gnóthaí sa tír, agus is inti a bhí an tionchar is mó ar ualach oibre. Bhí méid mhíchothrom de ghnó na cúirte á chur ar chontaetha áirithe, cosúil le Cill Dara, an Mhí, Cill Mhantáin agus Loch Garman.

Thug an t-athbhreithniú a rinneadh le déanaí méaduithe ar an daonra san áireamh chomh maith le roinnt fachtóirí eile cosúil le hathruithe déimeagrafacha agus sóisialta. Bhreathnaigh sé freisin ar athruithe ar bhonneagar agus i réimsí gníomhaíochtaí tráchtála agus gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear feabhsúcháin ar bhóithre. Rinne sé staidéar freisin ar mhéadú ar úsáid bóithre agus breis iompair atá ar fáil thar na blianta.

Rinneadh staidéar ar gach contae uaidh féin (seachas Baile Átha Cliath) agus rinneadh measúnú ar ionaid chúirte agus ualach oibre bliantúil gach contae acu. "Chuaigh muid i gcomhairle le breithiúna, príomhchléirigh agus bainisteoirí réigiúnacha chun an bealach is fearr a aimsiú chun an gnó a roinnt ar bhunús ionad cúirte agus dúiche," a dúirt Stiúrthóir Oibríochtaí na gCúirteanna Chuarda agus Dúiche, Diarmaid MacDiarmada linn. "Shocraíomar athchóiriú a dhéanamh ar na dúichí ar bhunús céimnithe le tús á chur leis an gcéad chéim in Eanáir 2008. Tá na hionaid eagraithe ar bhunús teorainn na gcontae againn chomh fada agus is féidir é."

Beidh an chéad chéim bunaithe den chuid is mó ar na contaetha seo a leanas: Port Láirge, Loch Garman, Cill Mhantáin, Cill Dara, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Co. Lú, Cabhán, Muineachán agus an Mhí. Beidh dhá dhúiche nua agus breithiúna lánaimseartha breise nua sannta sa leagan amach nua seo. Tá laethanta suí cúirte ann timpeall 16 lá in aghaidh na míosa, .i. 4 lá in aghaidh na seachtaine thar an chéad 4 seachtaine den mhí. "Choinníomar na laethanta suite cúirte a bhí ann cheana féin nuair ab fhéidir é, agus tá os cionn 70% agus mar an gcéanna," a deir Diarmuid. "Cé go mbeidh laethanta tiomanta ag gach dúiche ag an bpríomhionad cúirte chun cásanna dlí teaghlaigh a éisteacht, ní chiallaíonn sé seo nach féidir cásanna éigeandála a éisteacht ag aon ionad cúirte sa dúiche. Tosóidh gach cúirt ag suí ag am nach déanaí ná 10.30r.n."

Maidir le hionaid a bheidh cónasctha, déanfar na háiteanna seo a leanas a chónascadh leis an Toghroinn Ceantair atá in aice leo: Cill Mhic Thomáis, Ráth Droma, Dún Luáin, Tulach, Baile Thomáis, Dún Léire, Cairlinn agus Béal Átha Beithe.

Leagann na táblaí thíos amach na dúichí, ionaid chúirte agus suíonna athbhreithnithe. Beidh fáil orthu seo ar ár láithreán gréasáin www.courts.ie nuair a chuirtear tús leis an gcéad chéim in Eanáir

Cúirt Dúiche Uimh. 5 Cabhán / Muineachán

Ionaid: Ármhach, Coill an Chollaigh, Béal Átha Conaill, Carraig Mhachaire Rois, Baile na Lorgan, Cabhán, Cluain Eois, Muinchille, Muineachán, Achadh an Iúir

Sceideal na suíonna:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
1ú	Achadh an Iúir	Baile na Lorgan	Muineachán	an Cabhán	Bailieborough
2ú	Béal Átha Conaill	Muineachán	Carraig Mhachaire Rois	an Cabhán	Muineachán
3ú	Baile na Lorgan	Muinchille	Cluain Eois	Achadh an Iúir	Bailieborough
4ú	Carraig Mhachaire Rois	Muineachán	Ármhach	an Cabhán	

Cúirt Dúiche Uimh. 6 An Lú

Ionaid: Droichead Átha agus Dún Dealgan

Sceideal na suíonna:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
1ú		Droichead Átha	Dún Dealgan	Dún Dealgan	Droichead Átha
2ú		Dún Dealgan	Dún Dealgan	Droichead Átha	Droichead Átha
3ú		Droichead Átha	Dún Dealgan	Dún Dealgan	Droichead Átha
4ú		Droichead Átha	Dún Dealgan	Dún Dealgan	Droichead Átha

Cúirt Dúiche Uimh. 10 An Mhí

Ionaid: Baile Átha Fhirdhia, Dún Seachlainn, Ceanannas, an Uaimh agus Baile Átha Troim

Sceideal na suíonna:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
1ú		Dún Seachlainn	An Uaimh		Baile Átha Troim
2ú	Baile Átha Fhirdhia	Dún Seachlainn	An Uaimh	Ceanannas	Baile Átha Troim
3ú		An Uaimh	An Uaimh	Ceanannas	Baile Átha Troim
4ú		Dún Seachlainn	An Uaimh	Ceanannas	Baile Átha Troim

Cúirt Dúiche Uimh. 16 Cill Mhantáin

Ionaid: An tInbhear Mór, Bealach Conglais, Bré agus Cill Mhantáin

Sceideal na suíonna:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
1ú	Bré	Bré	Bealach Conglais	Cill Mhantáin	
2ú	Bré	Bré	An tInbhear Mór	Cill Mhantáin	
3ú	Bré	Bré	An tInbhear Mór	Bré	
4ú	Bré	Bré	An tInbhear Mór	Cill Mhantáin	

Cúirt Dúiche Uimh. 22 Ceatharlach / Cill Chainnigh

Ionaid: Ceatharlach, Caisleán an Chomair agus Cill Chainnigh

Sceideal na suíonna:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
1ú	Cill Chainnigh	Cill Chainnigh	Ceatharlach	Ceatharlach	
2ú	Cill Chainnigh	Cill Chainnigh	Ceatharlach	Ceatharlach	
3ú	Caisleán an Chomair	Cill Chainnigh	Ceatharlach	Ceatharlach	
4ú	Cill Chainnigh	Cill Chainnigh	Ceatharlach	Ceatharlach	

Cúirt Dúiche Uimh. 23 Loch Garman

Ionaid: Guaire, Inis Córthaidh, Ros Mhic Triúin agus Loch Garman

Sceideal na suíonna:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
1ú	Loch Garman	Loch Garman	Inis Córthaidh	Guaire	
2ú	Loch Garman	Ros Mhic Triúin	Inis Córthaidh	Guaire	
3ú	Loch Garman	Ros Mhic Triúin	Inis Córthaidh	Guaire	
4ú	Loch Garman	Ros Mhic Triúin	Inis Córthaidh	Loch Garman	

Cúirt Dúiche Uimh. 24 Port Láirge

Ionad: Cathair Phort Láirge

Sceideal na suíonna:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
1ú		Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge
2ú		Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge
3ú		Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge
4ú		Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge

Cúirt Dúiche Uimh. 25 Cill Dara

Ionaid: Baile Átha Í, Cill Choca, Cill Dara agus an Nás

Sceideal na suíonna:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
1ú	An Nás	An Nás	An Nás	Baile Átha Í	
2ú	An Nás	Cill Choca	An Nás	Cill Dara	
3ú	An Nás	An Nás	An Nás	Baile Átha Í	
4ú	An Nás	Cill Choca	An Nás	Cill Dara	

Achtanna na gCúirteanna - An Choimisiún um Athchóiriú an Dlí tar éis tús a chur leis an obair ar athchóiriú agus comhdhlúthú

B'fhéidir gur chaill tú seoladh Pháipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar chomhdhlúthú agus athchóiriú na nAchtanna Cúirte. Chuireamar ceist ar Noel A. Doherty ón Stiúrthóireacht um Athchóiriú agus Forbairt chun a insint dúinn cén fáth ar cheart dúinn suim cheart a bheith againn sa phíosa oibre thábhachtach seo:

"Tá foilsiú an Pháipéir seo mar chríoch ar chéad chéim de chomhthionscnamh leis an tSeirbhís Chúirteanna agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun plé a dhéanamh ar chomhdhlúthú na soláthairtí reachtaíochta go léir a leagann síos dlínse na gcúirteanna in Éirinn in Acht Cúirteanna amháin," a mhíníonn Noel.

Is dócha gur féidir linn ar fad cúpla Acht Cúirteanna a ainmniú. Ach an bhfuil go leor eile acu ann? "Ón uair a bunaíodh an Stát i 1922, tá beagnach 60 Acht Cúirteanna curtha tríd agus tá suas le 20 Acht ó roimh 1922 a bhfuil soláthairtí iontu a bhaineann le dlínse na gcúirteanna atá fós ar an Leabhar Reachtanna," a deir Noel. "Ina measc seo tá an Supreme Court of Judicature (Ireland) Act, 1877 agus an County Officers and Courts (Ireland) Act, 1877, a thug isteach athchóirithe suntasacha ar eagrú na gcúirteanna uachtaracha, agus na gcúirteanna íochtaracha, faoi seach. Ó 1922 i leith, is dóigh gurb iad na hAchtanna Cúirteanna is tábhachtaí a tugadh isteach ná an Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh) 1961 agus Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961."

Gheobhaidh siad siúd a bhfuil suim acu i stair na gcúirteanna go leor ábhar suime sa Pháipéar Comhairliúcháin. "Déanann Caibidil 1 agus 2 staidéar ar stair forbartha na gcúirteanna in Éirinn, agus tionscnaimh athchóirithe cúirteanna, lena n-áirítear Tuarascáil an Chomhchoiste ar an Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, an Grúpa Oibre um Choimisiún na gCúirteanna (1995 go dtí 1998) agus na smaointe a chur an iar-Phríomhbhreitheamh Keane chun cinn ina léacht ag Ollscoil Choláiste Chorcaigh i Márta 2001," a insíonn Noel dúinn.

Pléitear le hathchóiriú i gcaibidil ar leith. "Déantar scrúdú ar ocht réimse ar leith ina bhfeictear cumas athchóirithe. Ina measc seo tá nós imeachta cáis, an riail in camera agus imeachtaí a éistear go príobháideach, an córas achomhairc go ginearálta lena n-áirítear cead achomhairc a dhéanamh i gcásanna coiriúla, agus na teorainneacha airgid i ndlínsí sibhialta na gCúirteanna Dúiche agus Chuarda. I ndiaidh do scrúdú agus anailís a bheith déanta ar roinnt de na réimsí seo, tá moltaí sealadacha déanta ag an gCoimisiún i roinnt cásanna."

Ag seoladh an Pháipéir Comhairliúcháin, clé go deis: an tUasal Patricia T. Rickard-Clarke, an tUasal Noel A. Doherty, an tUasal Claire Bruton, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Brian Lenihan T.D., an tUasal an Breitheamh Catherine McGuinness, an tUasal Robert Browne agus an tOllamh Hilary Delany

Leagtar amach múnla i gCaibidil 4 i gcomhair Acht Cúirteanna nua-aimseartha comhdhlúite. "Le linn dóibh a bheith ag teacht ar mholadh ar an múnla, rinne an Coimisiún staidéar ar reachtaíocht i roinnt dlínsí eile, lena n-áirítear Sasana agus an Bhreatain Bheag, Singeapór, an Nua Shéalainn agus Tuaisceart Éireann chomh maith le tuarascálacha Choimisiúin Dlí i roinnt dlínsí."

Tá dréachtbhille i gcomhair comhdhlúthú agus athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna mar chuid den Pháipéar Comhairliúcháin. Tá an dréachtbhille seo ar CD Rom, agus é déanta suas as beagnach 400 alt, le tráchtaireacht ar gach foráil mar chuid de. Iarrtar go seolfaí aighneachtaí ar an bPáipéar Oibre agus ar an dréachtbhille isteach chuig an gCoimisiún i scríbhinn sa phost nó trí ríomhphost chuig info@lawreform.ie roimh an 30ú Samhain 2007. Is féidir an Páipéar Comhairliúcháin agus an dréachtbhille a fheiceáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie.

Grúpa Oibre bunaithe chun cabhrú leis an tionscadal

- An tUasal An Breitheamh Catherine McGuinness Uasal, Uachtarán ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí (Cathaoirleach)
- An tUas. an Breitheamh Hugh Geoghegan, an Chúirt Uachtarach
- An tOllamh Hilary Delany, An Scoil Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- An tUas. Benedict Ó Floinn, Aturnae Dlí
- An tUasal Patricia T. Rickard-Clarke, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- An tUas. Raymond Byrne, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- An tUas. Robert Browne, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An tUas. John Cronin, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An tUas. Noel Rubotham, An tSeirbhís Chúirteanna

An tUas. Claire Bruton, Aturnae Dlí, a d'fheidhmigh mar rúnaí agus taighdeoir don Ghrúpa

Tuilleadh Eolais ar Dhlí Teaghlaigh

Beidh an tríú eagrán de 'Cúrsaí an Dlí Theaghlaigh', a chuirtear ar fáil mar chuid den Treoirthionscadal maidir le Tuairisciú Dlí Teaghlaigh, a chuir an tSeirbhís Chúirteanna tús leis i nDeireadh Fómhair na bliana seo caite, ar fáil an mhí seo.

Cuirtear tuarascálacha, breithiúnais, treochtaí agus staitisticí i ndlí teaghlaigh ar fáil do na breithiúna, do chleachtóirí dlí agus don phobal go coitianta san tionscadal seo, agus déantar iarracht san trí eagrán de Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh an fhaisnéis seo a chur ar fáil ar bhealach furasta agus soléite.

Tá níos mó ábhar san eagrán reatha ná san dá eagrán a chuaigh roimhe, a bhuíochas sin don méid a tháinig isteach ó phainéal tuairisceoirí breise a tháinig isteach san tionscadal i rith na bliana. Is dlíodóirí a cháiligh le déanaí atá ar an bpainéal seo, atá i dteideal cheana féin freastal ar imeachtaí dlí teaghlaigh faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004.

Tá siad clúdaithe freisin faoi rialacháin a rinne an tAire, a thagraíonn do dhaoine atá á bhfostú ag an tSeirbhís Chúirteanna chun tuarascálacha a réiteach ar dhlí teaghlaigh, agus, mar chuid den tionscadal tuairiscíochta dlí teaghlaigh, tá siad faoi cheangal ag an Dréacht- Phrótacal ar Thuairisciú ar Dhlí Teaghlaigh, atá deartha chun anaithnideacht na bpáirtithe in imeachtaí dlí teaghlaigh a chosaint.

Mar gheall ar an méid ábhar a chur siad ar fáil, d'fhéadfaí uimhir suntasach tuarascálacha ó Chúirteanna Dúiche ar an ábhar seo a fhoilsiú, agus chuir siad le tuarascálacha áirithe eile freisin. Éistear iarratais a bhaineann le cúrsaí leanúnacha i ndíospóidí dlí teaghlaigh – foréigean baile, coimeád agus rochtain ar leanaí, cothabháil – sa Chúirt Dúiche, a d'éist beagnach 21,000 iarratas den chineál seo anuraidh.

Le linn don eagrán seo a bheith á réiteach bhí scrúdú á dhéanamh san Ard Chúirt ar cheart athair neamhphósta coimeád a bheith aige ar a leanaí i gcomhthéacs cháis fhuadach leanaí. Ní raibh coimeád faighte aige cheana féin ar na leanaí, ach rinne sé an t-iarratas seo tar éis dá chuid leanaí a bheith tógtha as an dlínse.

Tá tuairisciú iomlán déanta ar an gcás seo in áiteanna eile, ach san eagrán seo foilsímid cúpla sampla coitianta d'iarratais den chineál seo mar a tharlaíonn siad go laethúil sa Chúirt Dúiche.

Téimid ar ais siar ar cheist dhul chun cinn cásanna san eagrán seo freisin. Sa chéad eagrán, rinne Cláraitheoir Chontae Luimnigh, Pat Meghen, cur síos ar threoirthionscadal ina cheantar féin ina raibh cáschruinnithe aige le aturnaetha agus/nó a gcliaint chun na saincheisteanna a bhí achrann ann ina leith a thógáil ina n-aonar roimh don chás dul chun trialach, ag déanamh iarracht aontú a bhaint amach ar an méid saincheisteanna agus is féidir agus dul chun cinn a dhéanamh ar chuid eile, ar nós cáipéisí a chur ar fáil.

D'fhreastal ár dtuairisceoir dlí teaghlaigh ar roinnt de na cruinnithe seo agus ansin arís ar na cásanna cúirte nuair a tugadh na cásanna chun críche. Déantar cur síos ar an bpróiseas iomlán san eagrán seo.

Leantar leis an gcleachtas ailt a fhoilsiú ó dhaoine a bhfuil ionchur acu sa gcóras

dlí teaghlaigh, cé nach gá go bhfuil ceangal díreach acu leis na cúirteanna. San eagrán dheiridh, mhínigh Paul Kenny, an Ombudsman um Pinsin, na fadhbanna ar féidir a theacht aníos le horduithe coigeartuithe pinsin, agus conas iad a láimhseáil. Déanann Karen Erwin, Uachtarán Institiúid Eadránaithe na hÉireann, machnamh ar cén fáth nach mbaintear níos mó úsáide as eadráin, agus cén chaoi a bhféadfaí a thabhairt faoi sin.

Tá cóipeanna de thuarascálacha a rinneadh roimhe seo ar fáil ar www.courts.ie faoi publications/General/Family Law. Beidh fáil ar an tríú eagrán níos déanaí i mí Dheireadh Fómhair.

Cabhair a thabhairt do Chustaiméirí i nDlí Teaghlaigh

Tá Oifig Dlí Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath tar éis feabhas a chur ar an bhfaisnéis ata ar fáil do chustaiméirí le leabhrán nua agus le leathanach ar an láithreán gréasáin. Insíonn Bainisteoir na hOifige, Emer Darcy, tuilleadh dúinn:

Cé as ar tháinig an smaoineamh don leabhrán?
"Thugamar faoi deara go raibh orainn cáipéisí a sheoladh ar ais mar gheall ar nithe beaga, ar nós uimhir fóilió mícheart, nó gan aon ainmneacha sínithe ag bun an cháipéis. Rinneamar liosta de na fadhbanna is coitianta agus choinníomar taifead thar thréimhse míosa. Fuaireamar amach uaidh seo go raibh idir 25% agus 30% de na cáipéisí á seoladh ar ais mar gheall ar uimhreacha fóilió míchearta amháin.
Tá nodanna cabhracha sa leabhrán ar chomhadú cáipéisí Freagraítear ceisteanna ar nós ''An bhfuil na cáipéisí ar fad atá ag teastáil uait chun tús a chuir le himeachtaí agat?'' Tá ceisteanna éagsúla sa leabhrán do iarrthóirí agus do fhreagróirí.

Agus ar chabhraigh an leabhrán?
"Chabhraigh. Ní gá dúinn ár n-am a chaitheamh ag seiceáil chuile shórt arís nó ag cur ceist ar chustaiméirí an bhfuil gach rud acu. Nuair a cuireadh na leabhráin amach ar an gcuntar ar dtús, bhí siad imithe taobh istigh de 10 nóiméad!"

Buail isteach chuig Oifig Dlí Teaghlaigh Chuarda Bhaile Átha Cliath chun do chóip den leabhrán a fháil, nó téigh chuig an rannóg 'foilseacháin' de http://www.courts.ie

Cur chuige nua maidir le saincheisteanna dlí teaghlaigh a réiteach

Cé mhéid duine ar chlis caidreamh go dona orthu , agus a dúirt, tar éis droch-am a bheith acu sa chúirt, go mbeadh iarracht i bhfad níos mó déanta acu gan dul chun na gcúirte sa chéad áit dá mbeadh a fhios acu céard a bheadh sé nós? Baineann 'Comhdhlí' an chúirt amach as an bpróiseas, agus is réiteach úsáideach a bhí ann do roinnt lánúin, a deir Gerry Curran:

Mar a léirítear sna tuarascálacha in Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh, réitítear go leor cásanna ar an lá a raibh siad chun dul chun cúirte. Ní chiallaíonn sé seo, áfach, gur réiteach chairdiúil a bhí ann, agus ní chiallaíonn sé nach bhfuil féidearthacht ná go deimhin dóchúlacht ann go raibh go leor achrann agus tréimhsí fada idirbheartaíochta i gceist roimh réiteach a bheith déanta.

Ag seimineár de chuid na Seirbhíse Cúirteanna a bhí ann le déanaí, thug John McDaid, Oifigeach Idirchaidrimh Gairmiúil leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil roinnt eolais faoi conas go bhféadfadh 'comhdhlí' rogha eile a thabhairt seachas na bearta luíocháin agus troda gan réiteach atá mar chuid lárnach dár gcóras dlí sáraíochta.

Cén mhéid duine a bhainfeadh triail as an mbealach seo? Míníonn John: "D'inseodh go leor dlíodóirí teaghlaigh lena lán taithí duit go mbainfeadh líon an-suntasach triail as. Inseoidh siad duit nuair a chuireann cúirteanna cinntí i bhfeidhm ar pháirtithe a thagann os a gcomhair, gur minic nach mbíonn na cinntí seo sásúil do dhuine ar bith. Inseoidh siad duit faoi chliaint a rinne réiteach faoi bhrú nuair a bhí a gcás chun dul os comhair breithimh, a thagann ar ais chucu seachtainí nó míosa níos déanaí ag léiriú míshástacht leis an réiteach." Is múnla nua chun argóintí a réiteach é 'Comhdhlí'. Is é smaoineamh lárnach atá ann ná tiomantas ó thaobh na páirtithe agus a ndlíodóirí de gan dul chun na cúirte, ná bagairt é sin a dhéanamh, seachas chun éifeacht a thabhairt do réiteach, agus iarracht a dhéanamh trí idirbheartaíocht, a theacht ar réiteach ata cothrom agus sásúil.

"nuair a chuireann cúirteanna cinntí i bhfeidhm ar pháirtithe a thagann os a gcomhair, is minic nach mbíonn na cinntí seo sásúil ó dhearcadh aon duine de."

Cé go bhfuil an múnla seo dírithe, faoi láthair ar aon chaoi, ar idirscaradh agus ar cholscaradh, deir John gur "beag cúis atá ann nach féidir é a fhorbairt amach anseo mar mhúnla chun díospóid a réiteach maidir le saincheist aonair nó go leor saincheisteanna cosúil le socruithe cúraim agus teagmhála agus tacaíocht airgeadais."

John McDaid, Oifigeach Idirchaidrimh Gairmiúil ag seimineár de chuid na Seirbhíse Cúirteanna le déanaí.

Cuid de na gnéithe eile den mhúnla ná go síníonn na páirtithe agus a ndlíodóirí comhaontú ag tús an phróisis a bhfuil tiomantas ann ní hamháin nach rachaidh siad chun na cúirte ach chomh maith leis sin go n-oibreoidh siad le chéile go hionraic, le meas acu ar a chéile agus de mheoin macánta chun iarracht a dhéanamh réitigh a fháil ar na saincheisteanna a tháinig as cliseadh an chaidrimh agus go gcuirfidh siad a gcuid acmhainní airgid in iúl go hiomlán go luath sa phróiseas.

Tá roinnt céimeanna sa phróiseas comhdhlí mar a mhíníonn John. "Gné shuntasach amháin den phróiseas ná an coincheap de 'chruinniú ceithre-shlí'. Is éard a bhíonn i gceist ná na páirtithe agus na dlíodóirí ag suí síos le chéile i gcomhair sraith cruinnithe. Tá an-smacht ar na cruinnithe seo sa mhéid agus go bhfuil clár oibre a réitítear roimh ré acu agus nach dtugtar deis do na páirtithe a bheith ag iarraidh 'pointí gan chúis' a bhaint dá chéile.

Díríonn na chéad chruinnithe ar na saincheisteanna atá le réiteach a aithint agus an obair ullmhúcháin a dhéanamh. Leanann siad ar aghaidh ansin ag ransú smaointe' nuair a dhéanann na páirtithe iarracht liosta a chur le chéile de bhealaí féideartha chun na saincheisteanna a réiteach.

Is é an tríú céim céim na margála. Is é an príomh-dhifir sa chéim seo, i gcomparáid leis an rud a fheictear mar ghnáth-mhargáil, ná go bhfuil sé dírithe ar stíl margála atá bunaithe ar leasa seachas ar mhargáil atá bunaithe ar sheasamh. I bhfocail eile, déanfaidh na páirtithe iarracht a theacht ar réitigh a fhreastalaíonn ar leasa an bheirt acu chomh fada agus is féidir – seachas seasamh a ghlacadh agus a bheith i mbun idirbheartaíochta ón seasamh sin.

"síníonn na páirtithe agus a ndlíodóirí comhaontú ag tús an phróisis"

Sa chás go n-éiríonn leis an gcéim idirbheartaíochta, tugtar tréimhse machnaimh do na páirtithe chun a chinntiú go bhfuil siad sásta go bhfuil an comhaontú atá molta inghlactha dóibh. Cuirtear an comhaontú i gcrích ansin i cibé slí atá aontaithe ag na páirtithe m.sh. comhaontú idirscartha, nó iarratas chun na cúirte ar cholscaradh le haontú le hOrdú aontaithe i leith na saincheisteanna."

Rinneadh an múnla seo a fhorbairt sna Stát Aontaithe, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag chun cur ar chumas comhairleoirí teaghlaigh, cuntasóirí, saineolaithe leanaí, comhairleoirí pinsin agus daoine eile a bhfuil saineolas acu a d'fhéadfadh cabhrú le teaghlaigh atá i gcruachás cur leis an bpróiseas, le comhaontú den chineál céanna nach mbeidh siad tugtha isteach in imeachtaí cúirte ina bhfuil conspóid i gceist.

"Beidh siad siúd a áirithrítear ábalta labhairt amach níos furasta agus a theacht aníos le réitigh níos samhlaíocha agus níos difriúla os rud é nach mbeidh imní orthu an t-am ar fad go mbeidh orthu fianaise a thabhairt i gclár na mionn," a deir John.

Cé go raibh taithí an mhúnla seo an-dearfach go dtí seo, aithnítear nach bhfuil sé feiliúnach i gcomhair gach cás agus níl aon cheist faoi ach go bhfuil cásanna áirithe gur gá dóibh dul tríd próisis na cúirte."

Tá tiomantas ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, a fhostaíonn timpeall 90 aturnae ina ionaid dlí, iarracht a dhéanamh comhdhlí a fhorbairt mar rogha luachmhar. Tá an Bord tar éis leabhrán eolais a fhoilsiú ar an bpróiseas, agus is féidir cóipeanna díobh seo a fháil ó aon ionad dlí nó ó láithreán gréasáin an Bhoird www.legalaidboard.ie.

Nuamhaisiú á dhéanamh ar áiseanna Dlí Teaghlaigh na Cúirte Dúiche

Tá an t-oifig dlí teaghlaigh is gnóthaí sa tír i dTeach an Charnáin i mBaile Átha Cliath agus é ag láimhseáil na mílte ábhair Cúirte Dúiche gach bliain. Dóibh siúd a bhaineann úsáid as an gcúirt nó as oifig na cúirte, tá feabhas mór díreach tagtha ar rudaí. Insíonn Shay Kirk ón Aonad na nEastát agus na bhFoirgneamh dúinn faoi na hoibreacha feabhsúcháin a rinneadh thar mhíosa an tsamhraidh:

Cuirtear tús leis an obair thógála san ionad fáiltithe

An obair chríochnaithe

Ardaitheoir rochtana nua do dhaoine le míchumais

"Ní raibh aon cheist faoi ach nach raibh an chóiríocht a bhí ann i dTeach an Charnáin sásúil chun riachtanais oifig dhlí teaghlaigh do Réigiún Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh. Bhí go leor nithe a bhí gá tabhairt fúthu. Chuamar i gcomhairle leis na breithiúna, leis an bhfoireann oibre agus le lucht úsáidte na cúirte i dTeach an Charnáin níos luaithe i mbliana agus chuireamar pleananna le chéile chun feabhas a chur ar na háiseanna."

"Bhí orainn fanacht go dtí nach raibh an chúirt ag suí agus mar sin chuireamar na hoibreacha go léir i gcrích i rith míosa an tsamhraidh. Aistríodh suíonna Chúirt Dúiche an Dlí Teaghlaigh ó Theach an Charnáin go dtí Cúirteanna Chuarda an Dlí Teaghlaigh ar urlár na talún i dTeach an Fhionnuisce chomh fada agus a bhí an obair ar siúl. Cuireadh tús leis an obair i dtús mí Iúil agus cuireadh i gcrích é ag deireadh mí Mheán Fómhair, agus chosain sé timpeall €3.5m."

Is é toradh na hoibre seo ná áis bhreá ina bhfuil:

- Cúig sheomra cúirte nua méadaithe le dlísheomraí an bhreithimh ceangailte díobh
- Cóiríocht oifige nua don fhoireann oibre le ceantar cuntair don phobal agus seomraí agallaimh ann
- Seomraí comhairliúcháin breise
- Seomraí do chleachtóirí dlí agus seomra ar leith do Aturnaetha an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil
- Ceantar feithimh nua don phobal
- Comharthaíocht nua chun feabhas a chur ar rochtain ar fud an fhoirgnimh
- Rochtain do dhaoine le míchumais
- Deasc fáiltithe nua le suíocháin don phobal Córas aerála

Tá Shay cinnte go bhfuil an chóiríocht athchóirithe chun "cur ar chumas Oifig um Dlí Teaghlaigh na Cúirte Dúiche seirbhís atá feabhsaithe go mór a chur ar fáil dá gcliaint. Tá an timpeallacht ginearálta agus caighdeán na cóiríochta feabhsaithe go mór do lucht úsáidte na cúirte ar fud an fhoirgnimh."

Clé go deis: Kevin Cuffe, Margaret Keenan, Fiona Molloy, Ellen Foley, Brigid Curtin agus Joan Daly ó Oifig Dlí Teaghlaigh na Dúiche.

Ann-Marie James agus Seamus Glackin i gceann de na seomraí cúirte nua.

COSC – ag obair chun foréigean baile a sheachaint.

Bhunaigh an Rialtas oifig nua le déanaí chun freagra comhordaithe "uile-Rialtais" a sheachadadh maidir le foréigean i gcoinne mná agus foréigean baile. Tá iarchláraitheoir ó roinnt cúirteanna i mBaile Átha Cliath, an Chúirt Chuarda Sibhialta, Coiriúil agus Dlí Teaghlaigh ina measc, ceaptha chun a bheith i gceannas ar an ngníomhaireacht nua. Labhair Gerry Curran le Éimear Fisher faoina ról nua agus a bhfuil sé i gceist aici a sheachadadh.

Tosóimid trína mhíniú céard is brí le 'COSC'. "Ciallaíonn an focal Gaeilge seo 'rud a stopadh nó a sheachaint'. Níl ár sainchúram teoranta do fhoréigean i gcoinne ban ach clúdaíonn sé gach gné de mhí-úsáid baile, lena n-áirítear foréigean baile i gcoinne fhir agus dhaoine aosta, agus gach cineál foréigin i gcoinne mná. Tá seachaint agus gníomhú tar éis do choireanna sa réimse seo tarlú clúdaithe ann."

Tá Éimear Fisher tar éis oibriú i réimse leathan poist idir ranna rialtais lárnacha agus gníomhaireachtaí Stát. Bhí a bhformhór seo sa réimse cirt, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, agus an tSeirbhís Chúirteanna – inar oibrigh sí mar chláraitheoir i roinnt cúirteanna i mBaile Átha Cliath ina measc – chomh maith le rannáin beartais san Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Le blianta beaga anuas, bhí obair Éimear dírithe ar shaincheisteanna leathana, lena n-áirítear post mar Stiúrthóir ar Oifig Náisiúnta na Leanaí, agus iarrachtaí chun cabhair an Stát d'íospartaigh choireanna a fheabhsú.

"Níl ár sainchúram teoranta do fhoréigean i gcoinne mhná ach clúdaíonn sé gach gné de mhí-úsáid baile"

Ach nach bhfuil go leor gníomhaireachtaí ann cheana féin a bhíonn ag plé le foréigean baile? Céard a tharlaíonn dóibh sin? "Leanfar leis na struchtúir Stát agus neamhrialtais atá i bhfeidhm cheana féin chun plé le foréigean i gcoinne mhná, le tacaíocht ó COSC," a deir Éimear. "Ina measc seo tá an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhoréigean ar Mhná – arna bhunú i 1997 mar thoradh ar mholadh ón Tascfhórsa um Fhoréigean in aghaidh na mBan – agus na Coistí Pleanála Réigiúnacha ar Fhoréigean in aghaidh na mBan."

Roimh do COSC a bheith bunaithe, ní raibh freagracht iomlán i gcomhair an réimse seo taobh istigh den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar aon rannán nó rannóg amháin. "Bhí sé sannta do rannáin ar a raibh go leor freagrachtaí eile. Bhí an fhreagracht i gcomhair an réimse seo scaipthe tuilleadh thar roinnt ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile."

Tá oifig tiomanta le hacmhainní ann anois ag leibhéal an rialtais den chéad uair, ar a bhfuil an fhreagracht lárnach comhordú agus comhtháthú a chinntiú i bhfreagra an Stát maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile.

Beidh COSC ag obair i gcomhar leis na soláthróirí seirbhíse a thugann tacaíocht d'íospartaigh agus ag cur cóireáil ar an té a bhí freagrach as. Míníonn Éimear go mbeidh roinnt tascanna ag an ngníomhaireacht nua. "Ina measc seo beidh obair le ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha san earnáil chun a chinntiú go seachadtar seirbhís atá comhordaithe go maith chun tacú le híospartaigh fhoréigean baile agus fhoréigean in aghaidh na mban."

Bíonn ceist ann i gcónaí maidir le heolas

"Tá oifig tiomnaithe le hacmhainní ann anois ag leibhéal an rialtais den chéad uair, ar a bhfuil an fhreagracht lárnach comhordú agus comhtháthú a chinntiú i bhfreagra an Stát maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile."

a chur ar fáil maidir lena bhfuil ar fáil "Déanfaimid straitéisí a fhorbairt agus a sheachadadh chun a chinntiú go bhfuil íospartaigh ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil ina gceantar féin agus go gcuirtear an sochaí ar an eolas faoin méid agus an tionchar d'iompar agus coireanna foréigin baile agus foréigean in aghaidh na mban. Déanfaimid straitéisí a fhorbairt chun tabhairt faoin saincheist maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile ar bhealach a thagann leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr."

Tá sé i gceist ag COSC freisin forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin i gcomhair seachadadh seirbhíse agus i gcomhair cláir oiliúna a phléann le foréigean baile agus foréigean in aghaidh na mban. Is clár ghnóthach atá ann a bhfuil moladh athruithe reachtaíochta agus beartais sa réimse mar chuid de. "Tá sé i gceist againn freisin mórchomhdháil idirnáisiúnta maidir leis an bhforéigean baile a chur ar siúl in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i mBealtaine 2008," a deir Éimear.

"Is saincheisteanna tábhachtacha coiriúla iad foréigean baile agus foréigean in aghaidh na mban. Tá mé ag súil go mór le dul i mbun oibre leo siúd a bhfuil aithne agam orthu, agus le cuid eile nár chas mé leo fós, in earnáil an Stát agus in eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil go díreach d'íospartaigh fhoréigean baile. Tá an-fhonn éisteachta orm agus tá mé lánchinnte gur féidir linn oibriú le chéile chun difir dhearfach a dhéanamh agus chun íospairt a laghdú sa réimse chasta agus tragóideach seo."

COSC, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Leibhéal 3, Bloc 2, Ionad Fhearchair, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón:
01-4086107
01-4086108
01-4086109

Facs:
01-4086136

Aturnae ina Cláraitheoir Nua

Tá Mary O'Malley ceaptha mar Chláraitheoir Contae don Mhí, agus tagann sí i gcomharba ar Marie Tehan, a chuaigh ar scor le déanaí.

Ó Allenstown, i gCeannanas í Mary agus is í a bheidh freagrach anois ar an gCúirt Chuarda sa Mhí chomh maith lena bheith ina Ceann Comhairimh i gcomhair aon toghcháin a bheidh ann sa Mhí sa todhchaí.

Bhí Mary i gceannas ar an roinn dlí teaghlaigh do Steen O'Reilly Solicitors le dhá bhliain anuas. Roimhe sin, bhí sí ag cleachtadh dlí go páirt-aimseartha le John C Walsh and Co i mBaile Átha Cliath roimh di filleadh ar an obair go lánaimseartha do Dermot Dempsey, Aturnae in Áth Buí ar feadh trí bliana roimh di bogadh go dtí Steen O'Reilly.

Bhí sí ag díriú ar dhlí teaghlaigh ón tús. Rinne sí a printíseacht le Gallagher Shatter i mBaile Átha Cliath, roimh di dul i mbun a cleachtas dlí féin ag Brews Hill.

Cuireadh oideachas ar Mary ag Scoil Náisiúnta an Bhóthair Mhín, Clochar Eureka i gCeannanas, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus an Dlí-Chumann. Tá sí pósta le Kevin Costello agus tá cúigear mac aici.

"Is deis iontach dom é mo phost nua mar Chláraitheoir contae i mo thuairim agus tá súil agam leanúint le traidisiún an Chláraitheora Contae deiridh a thug seirbhís den scoth dúinn," a deir Mary.

"Braithim freisin gur post dúshlánach a bheidh sa cheann mar Cheann Comhairimh agus tá mé sásta nach bhfuil toghchán amach romham díreach agus mé ag tosú sa phost."

Guíonn Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna chuile ádh ar Mary ina post nua.

Searmanais na bliana nua dlí

Pictiúr tógtha ag tús an bhliain dlí nua ag Sráid an Teampaill agus Sráid Halston.

Clé go deis: An Breitheamh Peter Smithwick, Nuinteas an Phápa, An Dochtúir Urramach Giuseppe Lazarotto, An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, Uachtarán an Choimisiúin Athchóirithe an Dlí, an Breitheamh Uasal Susan Denham, An Chúirt Uachtarach agus an Dochtúir Sár-Oirmhinneach John Neill, Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath.

Clé go deis: Terence O'Keeffe, Gníomhaire Dlí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Geraldine Clarke, Aturnae agus Declan Sherlock, Aturnae, na Coimisinéirí Ioncaim.

Clé go deis: Ann Doyle, Brendan Byrne, an tUasal an Breitheamh Michael Peart agus Mona Byrne

Clé go deis: An tUasal Pauline Walley A S., An tUasal João Perry da Camara, Leas-Chathaoirleach, Cumann Barra na Portaingéile agus an tUasal an Breitheamh Paul Carney, Príomh-Bhreitheamh na hArd-Chúirte

An Phriomh Breithimh agus an Ardeaspag Diarmuid Martin

Sean O'Domhnaill

In eagrán Mhárta, chuir Brendan McDonald, Bainisteoir Réigiúnach an Iarthair slán le Seán O'Domhaill agus é ag éirí as a phost mar Chláraitheoir Chontae na Gaillimhe tar éis os cionn 27 bliana.

Thug Brendan chun cuimhne an t-ardmheas a bhí ar Sheán, a bhí le feiceáil san slua mhór a bhí sa seomra cúirte ar a lá deiridh ag éisteacht leis na hard-mholtaí a tháinig ón mBreitheamh Groarke, Conor Fahy, Liam Geraghty, an Cigire Tony O'Donnell, Margaret Prendergast agus ó Brendan é féin. Bhí sé ar dhuine de na Cláraitheoirí Contae is faide a bhí sa phost agus bhí go leor curtha aige leis an gCúirt Chuarda i nGaillimh thar na blianta.

Bhí an-bhrón orainn mar sin a chloisteáil gur bhásaigh Seán le déanaí. Níor fágadh an t-am aige i gcomhair an tréimhse scoir a bhí saortha go crua aige.

Cuirimid ár gcomhbhrón in iúl dá bhean Aoife agus dá mhuintir.

Terry deValera



Bhásaigh Terry de Valera, iar-Mháistir Fómhais Sinsearach na hArd-Chúirte ar an 8ú Meitheamh seo caite.

Chuaigh Terry de Valera ag obair mar phrintíseach do Tommy Robinson i 1941 sa ngnólacht ar a tugadh T.P. Robinson and Co. ina dhiaidh sin, agus cháiligh sé mar aturnae i 1945. Ansin chuaigh sé ag obair do ghnólacht P.J. Ruttledge, an tIar-Aire a bhí ina Ard-Aturnae do Mhionaoisigh agus do Choimircithe Cúirte ag an am, agus ina dhiaidh sin arís bhunaigh sé a chleachtas dlí féin i Sráid an Dáma.

Ceapadh mar Mháistir Fómhais na hArd-Chúirte é i 1969 nuair a d'éirigh an Máistir Kennedy as, rinneadh Máistir Fómhais Sinsearach de roinnt míosa níos déanaí nuair a d'éirigh an Máistir O'Reilly as a phost, agus d'fhan sé sa phost sin go dtí go ndeachaigh sé ar scor i 1992.

Bhí an-suim ag Terry i leas agus i bhforbairt fhoireann oibre na hOifige. Níorbh fhada a sheas imní a bhí ar aon duine faoina bheith ag freastal ar an mórphearsa seo nuair a chonaic siad chomh cineálta agus furasta le labhairt leis is a bhí sé. Le tacaíocht, faoi seach, óna chomhghleacaithe mar Mháistrí Fómhais, David Bell agus Thomas O'Connor nach maireann, bhainistigh sé Oifig an Mháistir Fómhais go maith ach go séimh: cuimhníonn siad siúd a bhí ag obair ann atmaisféar cosúil le ceann teaghlaigh, gan mailís ar bith le brath ann.

Thuill sé meas chuntasóirí costais dlí, aturnaetha agus a gcliaint, beag beann ar an toradh, mar gheall ar chomh cúirtéiseach is a bhí sé i gcónaí agus é i mbun cánachais. Bhí tuairimí láidre aige faoin ngá atá ann, i dtimpeallacht tráchtála, na traidisiúin agus na luachanna a bhí ag gairm dlí a óige a chothú. Níor cheil sé an díomá a bhí air ag an méadú a tháinig ar chostas dlíthíochta, agus an cead a tugadh do aturnaetha fógraíocht a dhéanamh.

Bheadh Terry ar an gcéad duine a d'admhódh, áfach, nach raibh tús áite ag an dlí ina shaol siúd: ba iad a bhean céile Phyllis, nach maireann, agus a chlann, is mó tábhacht a bhí acu dó. Ina ndiaidh siúd tháinig an cion a bhí aige ar na hEalaíona agus cúrsaí staire. Is iomaí cléireach cúirte sóisearach a dúisíodh a suim i gcúrsaí cultúrtha mar thoradh ar an díograis a bhí ag Terry do cheol, péintéireacht, dealbhadóireacht agus filíocht, bíodh is go raibh claonadh láidir traidisiúnta aige.

Ba scéalaí nádúrtha a bhí ann, a bhí cuimhne cinn iontach aige i gcomhair na mionsonraí, agus thabharfadh sé beocht do réimse leathan carachtair – cairde nó daoine aitheanta dá chuid féin is mór – ó shaol polaitiúil, dlí agus ealaíonta Bhaile Átha Cliath ó na 1940aidí agus na 1950aidí. Chuirfeá aithne ar na daoine agus a raibh neamhghnách fúthu trí scamaill deataigh píopa, agus bhíodh greann séimh i gcónaí san insint.

Fágann bás Terry go bhfuil duine de mhórcharachtair na Ceithre Chúirt imithe ar shlí na fírinne. Ní dhéanfaidh aon duine a d'oibrigh in éineacht leis ná iad siúd a tháinig os a chomhair dearmad ar a ghnaíúlacht ná ar a ionracas. Cuirimid ár gcomhbhrón in iúl dá iníonacha Síle agus Jane, agus dá gharmhac David.

Noel Rubotham

An Breitheamh Frank Martin

Bhí an Breitheamh Frank Martin, a bhásaigh i mBealtaine ar an duine is dodhearmadta riamh a casadh orm sa tréimhse níos mó na 25 bliana a chaith mé ag cleachtadh dlí ag an mBarra. Ba sna deich mbliana ó lár na seachtóidí go dtí lár na hochtóidí is mó a bhain sé amach a cháil, nuair a bhí sé i gceannas ar thrialacha coiriúla i gCúirt 15 (Cúirt 25 anois) gach lá.

Ní hamháin go raibh eolas chríochnúil ag Frank ar dhlí choiriúil agus ar dhlí na fianaise, bhí tuiscint domhain aige ar an gciall a bhí leo, agus ar an gcaoi inar chabhraigh siad, nuair a úsáideadh i gceart iad, chun an fhírinne a fháil amach agus chun iomrall ceartais a sheachaint. Bhí an-tuiscint aige ar an tábhacht a bhain lena chuid oibre dóibh siúd a tháinig os a chomhair agus don phobal i gcoitinne. D'fhág sé seo go mbíodh go leor á iarraidh aige ar abhcóidí agus ar fhinnéithe agus bhí an cháil air go raibh sé scanrúil go maith. Bhíodh sé borb go leor le habhcóide nó le finne nach raibh réitithe faoina chóir nó a bhí míchruinn. Ní bhíodh sé sásta am ar bith a chur amú ag plé le hamadáin.

Ba bhreitheamh trialach iontach ab ea Frank ar dhá chúis ar leith. Bhí sé cliste, suas chun dáta agus ar an eolas, agus bhí fonn air i gcónaí fíricí an cháis a thuiscint, is cuma cé chomh casta is a bhí siad. I gcúrsaí leighis agus innealtóireachta go háirithe, bhí sé ábalta soiléireacht a fháil ón saineolaí is doiléire a bhí ann. Ina theannta sin, bhí instinn beagnach dochreidte aige a d'inseodh dó nuair a bheadh finné ag insint bréaga, ag déanamh áibhéil, nó ag rá níos mó ná mar a bhí ar eolas aige/aici féin faoin scéal. Níorbh fhéidir leis féin an scil seo a mhíniú i gceart. Ach chonaic mé féin é ag iarraidh an bunchóip de cháipéis clóscríofa riachtanach a tugadh don chúirt gan choinne, agus ag fáil amach go raibh an focal 'ní' fágtha amach as an leagan a tugadh don chúirt, rud a d'athraigh a chiall uilig. "Cheap mé go raibh rud éicint faoi nach raibh ceart," a raibh le rá ag Martin.

Agus bhí dochtúir a mhionn nach raibh a othar, a bhí ag lorg damáistí i gcomhair gortuithe fuiplasc dá mhuineál ó thimpiste cairr, tar éis a gearán a dhéanamh riamh cheana faoi phian ina mhuineál, a bhí air a scéal a athrú nuair a d'ordaigh Martin dó a chuid nótaí a thabhairt don chúirt. Bhí an t-othar tar éis dul chuige le droch-phian ina mhuineál tar éis ionsaithe roinnt seachtainí roimh an timpiste.
Idir an cumas dochreidte seo bréag nó míchruinneas a aithint, agus an bhéim a chuir sé ar chruinneas agus ar bheaichte i bhfianaise agus pléadáil, ba áit corraitheach a bhí i gCúirt 15, fiú má bhí sé scanrúil ó am go ham. "I gCúirt Frank" a dúirt aturnae grinn amháin "bíonn chuile dhuine ar an airdeall an t-am ar fad." Ach ba é an breitheamh is fearr a d'fhéadfadh a bheith ag cosantóir neamhchiontach, mar go ndearna sé cinnte de go ndearnadh tástáil righin ar gach píosa fianaise, agus gur thug sé gach deis don abhcóide é seo a dhéanamh.
Go príobháideach, ba fhear cineálta, suairc ab ea Frank. Ba mhór leis cuideachta na mbaill níos óige den Bharra a bhíodh ag cleachtadh dlí ina Chúirt. Tá an-chuimhní agam ar bhéilí breátha agus fíon agus todóga níos fearr fós, agus comhairle den scoth á thabhairt lena linn. Tá bród orm gur fhoghlaim mé mo cheird ina Chúirt siúd, go háirithe i leith chúrsaí coiriúla.

An tUas. an Breitheamh Adrian Hardiman

An Breitheamh Bernard J. Carroll

Léirítear an grianghraf seo le cead ón Irish Examiner

D'fhreastal an Breitheamh Bernard J. Carroll mar Bhreitheamh de chuid na Cúirte Dúiche ó 1969 go dtí 1993 nuair a chuaigh sé ar scor tar éis gairmréim eisceachtúil. I rith na tréimhse seo bhí sé i gceannas ar chúirteanna i dTiobraid Árann Theas agus Port Láirge Thiar (1969–1976) roimh a ceapadh é mar an t-aon Bhreitheamh Cúirte Dúiche i gCathair Chorcaigh. I 1981 thosaigh sé ag obair ina phost deiridh i nDúiche 20. i gCo. Chorcaigh. I 1972 ceapadh chuig painéal beag breithiúna é a bhí i gceannas ar an gCúirt Choiriúil Speisialta athbhunaithe i mBaile Átha Cliath. Ceapadh chuig Cathair Chorcaigh é i 1976, cothrom na hama a achtaíodh reachtaíocht Dlí Teaghlaigh nua ar fhoréigean baile agus cothabháil céilí. Mar thoradh air seo, tháinig méadú suntasach ar ualach oibre na cúirte i rith na tréimhse seo. Ní raibh sé neamhghnách don Bhreitheamh Carroll a bheith ag suí suas go dtí a 8.00 i.n. sa tráthnóna chun cásanna Dlí Teaghlaigh a éisteacht agus a theacht isteach an lá dar gcionn i gcomhair liosta eile mar é arís. Ba é an Breitheamh Carroll an chéad Bhreitheamh Dúiche, mar a tugadh orthu ag an am, a chuir cás ar aghaidh chuig an gCúirt Breithiúnach Eorpach mar Chás Luaite. Bhain sé seo le dlíthiúlacht Ordú Aireachta a bhain le soithigh eachtrannacha ag iascach in uiscí teorann na hÉireann.
Taobh amuigh de na cúirteanna, bhí an-aithne ar Benny Carroll ar ráschúrsaí na Mumhan mar gheall ar a ghrá don rásaíocht. Bhí sé tugtha don ghalf chomh maith. Ba comhghleacaí é a chur comhairle críonna ar fáil dóibh siúd a tháinig dhá iarraidh. Bhí sé go maith in ann aige seo mar gheall ar an taithí leathan saoil agus cúrsaí dlí go ginearálta a bhí aige.
Ach is mar dhuine cineálta séimh is mó a mhairfidh Benny Carroll i gcuimhne chomhghleacaithe agus cleachtóirí dlí araon. Bhí dínit agus comhbhá le feiceáil i gcónaí sa tslí a bhí a chúirteanna á rith.

David Riordan, Breitheamh na Cúirte Dúiche

An tUas. an Breitheamh Dermot Kinlen

Is iomaí moladh a tugadh don iar-Bhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte, an tUasal an Breitheamh Dermot Kinlen a bhásaigh le déanaí ag a bhaile i gContae Chiarraí.

Glaodh chuig an mBarra é i 1952 tar éis dó cruthú go maith mar mhac léinn ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Thóg sé an tsíoda i 1971, agus glaodh chuig an mBarra i Sasana agus i New South Wales é freisin. Cuimhneofar ar a bhlianta mar bhreitheamh Ard-Chúirte idir 1993 agus 2002 mar gheall ar an daonnacht séimh agus greann lenar láimhseáil sé iad siúd a tháinig os a chomhair.

Cuimhneoidh go leor air mar gheall ar an suim seasta a bhí aige i leas na bpríosúnach. Bhí sé ina bhall den Choiste Cuairteoireachta de Institiúid Naomh Pádraig do Chiontóirí Óga ó 1971 go dtí 1990 agus ina chathaoirleach de Choiste Cuairteoireachta Phríosún Mhuinseo ó 1990 go dtí 1993 (post a d'éirigh sé as nuair a ceapadh chuig an mBinse é). Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí PACE (Prisoners Aid through Community Effort) a bhunaigh brúnna agus áiseanna chun cabhrú le hathimeascadh iar-chiontóirí. Nuair a chuaigh sé ar scor ón Ard-Chúirt i 2002 ceapadh é mar Chigire na bPríosún, agus bhí sé ar an chéad duine a bhí an post seo aige.

Bhí aithne fhorleathan ar an suim a bhí ag Dermot i nithe a bhain leis an tSín. Bhain sé amach an mhian a bhí aige páirt a ghlacadh in oscailt na Síne don chuid eile den domhan trína chuid oibre le breithiúna agus gairm dlí na Síne. Thug sé cuairt ar an tSín den chéad uair i 1977 le hiar-Uachtarán na hÉireann Cearbhall Ó Dálaigh agus ina dhiaidh sin bhí baint aige le bunú caidreamh taidhleoireachta idir an dá thír. Bhí sé mar Uachtarán ar an Chumann Cultúrtha Éire- an tSín agus thug sé cuairt ar an tSín go minic. Tugadh aitheantas oifigiúil dá iarrachtaí nuair a bhronn Daon-Phoblacht na Síne gradam air.

Is iomaí duine sna cúirteanna a bhfuil cuimhní breátha acu ar an bhfáilte a chuir sé ar gach duine a thug cuairt ar an tSnaidhm. Cuireadh fáilte roimh comhghleacaithe, foireann oibre na cúirte san áireamh, chuig a theach saoire i gCiarraí agus fearadh fáilte rompu den chineál a scaip cáil na nGael ar fud an domhain.

Thug an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Brian Lenihan, T.D., fear chun cuimhne a bhí "ina chara pearsanta agus ina chomhghleacaí gairmiúil." Dúirt an Cairdinéal Desmond Connell "ina shaol feicimid sintéis iontach, teacht le chéile álainn idir an ghairm shaolta agus an saol Críostaí." Dúirt an ceiliúraí Aifrinn ag a shochraid, an tArd-Déagánach Michael Murphy gurbh é "an tSamárach Maith, agus mar a dúirt Peig 'the one way with him, with high and low'. Bhíodh sé ag rá 'my bags are packed. I'm in the departure lounge. The flight is delayed'. Cé gur tháinig an deireadh go tobann, bhí sé réitithe ina choinne."

Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam.

Charlie Dorgan

Charlie Dorgan agus Donal White

Thosaigh Charlie Dorgan ag obair le foireann Chúirt Dúiche Bhun Chranncha i Meán Fómhair, 1976. Bhog sé go Cúirt Dúiche Chorcaigh i 1979 agus is ann a d'fhan sé go dtí go ndeachaigh sé ar scor. Chuaigh mná óga Dhún na nGall chomh mór i bhfeidhm ar an gCorcaíoch seo gur phós sé Maureen Coll ón gClochán Liath.

Ar an Luan 28 Lúnasa, 1995, shuigh an Chúirt Dúiche don uair dheiridh i dteach na cúirte i Sráid Washington, Corcaigh. Ba é an Breitheamh a bhí ag suí an lá sin ná Gerard Haughton agus ba é Charlie Dorgan an Cláraitheoir. Ar an Aoine den tseachtain chéanna, an 1ú Meán Fómhair, thosaigh an Chúirt Dúiche ag suí i Sráid Anglesea, Corcaigh. Ba é an Breitheamh a bhí ag suí an chéad uair sin ná Uinsin MacGruairc agus ba é Charlie Dorgan an Cláraitheoir. Is dóigh go bhfágann sé sin gurbh é Charlie Omega agus Alpha Chláraitheoirí Cúirte – an deireadh agus an tús.

Is duine é Charlie a bhfuil gean go náisiúnta air, agus tá aithne mhaith ag baill shinsearacha foirne ón Roinn Dlí agus Cirt, agus comhghleacaithe na Seirbhíse Cúirteanna agus na breithiúna air.
Is breá leis a bheith ag eitilt agus ba fhear spóirt gníomhach a bhí ann go dtí le déanaí. Nuair a bhí sé níos óige d'imir sé iománaíocht mar a rinne a athair a bhí Bonn Uile-Éireann aige. D'imir sé galf agus peil laistigh go maith freisin.

Bíonn súil ag chuile duine a rogha féin a dhéanamh maidir leis an am a dtéann siad ar scor. Ar an drochuair, níor fágadh an deis sin ag Charlie, ach thug sé aghaidh ar a chás go réalaíoch agus dearcadh dearfach aige ina leith. Tá a fhios againn gur clann an-ghar iad muintir Dorgan agus tá a fhios againn go mbeidh Charlie slán sábháilte i gcúram Maureen agus an clann.

Guímid gach rath air amach anseo.

Finbar Bracken

Des Relihan

Des Relihan agus Bertie Donovan

Thosaigh Des ag obair leis an gCúirt Dúiche i mí na Samhna, 1969. Bhí a chéad phost in Oifig Charraig Uí Leighinn nó Oifig an Chontae a bhí bunaithe in Oifig Shráid Washington Bhí sé ina uimhir 3 ag beirt de na pearsantachtaí is mó a bhí sa Chúirt Dúiche, Jack Lee agus Eamonn Howard. Tar éis tamaill bogadh béal dorais é chuig Cúirt Dúiche Chathair Chorcaigh. In Oifig an Chontae ba é an fear deireanach riamh a bhí sa phost sin a tháinig i gcomharba air – Bertie Donovan. Os rud é gur Garda a bhíodh ann, bhí Des i gcleachtadh tuairiscí a dhéanamh ar leath-bhileoga. Uair amháin a raibh tuairisc le scríobh aige, d'iarr sé leath-bhileog ar Jack Lee. Phioc Jack suas bileog leathphraitinne, stróic sé ina dhá leith é, agus thug sé an péire acu do Des. "Anois! Tá dhá leath-bhileog agat."
Chaith Des, arbh as Mainistir na Féile dó ó dhúchas, a chuid ama i gCúirt Dúiche Chorcaigh go dtí 1991 nuair a chuaigh sé go Luimneach ar feadh dhá bhliain roimh dó filleadh ar Corcaigh. Fad is a bhí sé i Luimneach fuair sé an-tuiscint ar an gcóras TF a bhí ansin. Nuair a d'fhill sé ar Chorcaigh ní raibh an TF ansiúd ach ina thús. Bhí tionchar ollmhór aige ar fhorbairt na gcóras TF a úsáideadh i gCorcaigh ina dhiaidh sin.I 2001, ghlac sé ceannas ar Oifig an Chláraitheora um Éilimh Bheaga. Tá an-taifead le fáil ar an leibhéal sásachta a bhain sé amach d'éilitheoirí i dtuairiscí i bpáipéir nuachta agus ar an raidió. Tá aitheantas leathan tugtha dá fheasacht ar dhlí ceadúnúcháin.
Bhí Des deireanach go maith ag tosú ar an ngalf. Ón uair a thosaigh sé ar an gcluiche tá umhlacht ar leith á léiriú aige – bíonn leisce i gcónaí air focail ar nós riabhóg, iolar agus albatras a úsáid is é ag caint faoi féin. Ach táthar buíoch as a umhlacht sa méid sin.
Is breá le Des a bheith ag insint do chuile dhuine faoi chomh maith is atá ag éirí leis na Sáirséalaigh i gcraobhchomórtas na hiománaíochta i gContae Chorcaigh chuile bhliain. Is tacadóir cróga agus oifigeach de chuid an chlub é le blianta fada anuas. Tá súil againn nach bhfuil a gcéad teideal eile ro-fhada as láthair.
Bhuail Des lena bhean chéile, Gertie, a sheasann go cróga dá fear, nuair a bhí sé ina Gharda bunaithe i gCill Ia i gContae Chorcaigh.
Guímid gach dea-mhéin ar an mbeirt acu agus ar a gclann anois agus é ag dul ar scor. *Finbar Bracken*

Alo Filan

Clé go deis: Alo Filan, an Breitheamh Mary Devins agus Peter Mooney.

"Anois go bhfuil mo chuid ama curtha isteach agam, ceapaim go bhfuil scóip nua amuigh ansin agus breathnaíonn sé go breá. Slán libh go léir agus gura míle maith agaibh." Leis na focail seo a d'fhág Alo Filan Cúirt Dúiche Chaisleán an Bharraigh le déanaí tar éis dó 43 bliain a chaitheamh ag obair mar státseirbhíseach, 20 díobh siúd sna cúirteanna.

Bhí scuaine daoine ann ag iarraidh é a mholadh as ucht an méid a chur sé leis an saol poiblí, agus bhí an Breitheamh Mary Devins ar an gcéad duine acu a labhair. Thug sise comhghleacaí dílis agus cara maith chun cuimhne. "Tá Cléireach na Cúirte Dúiche ar an duine is tábhachtaí i saol laethúil oibre bhreitheamh de chuid na Cúirte Dúiche," a dúirt sí, agus í ag rá gur sampla é Alo de gach rud atá dearfach i gcléireach cúirte. "Thuig sé an scéal mór i gcónaí." Labhair Brendan McDonald, Bainisteoir Réigiúnach an Iarthair ar son an tSeirbhís Chúirteanna agus chur sé síos ar Alo mar "fear neamhghnách nach raibh deireanach riamh." "D'fhéadfaí brath air i gcónaí. Ní raibh sé riamh tinn. Ba fhear caoinbhéasach macánta a bhí ann." Mhol an Cigire Michael Murray é thar ceann An Garda Síochána i Maigh Eo, agus mhol an tOifigeach Promhaidh, Miriam Tallon freisin é.
Labhair Michael Browne ar son na haturnaetha áitiúla agus chuir sé beannacht Gaelach leis don chéad chuid eile de shaol Alo: "Go n-éirí an bóthar leat agus go gcumhdaí Dia tú."
Guímid gach ádh ar Alo, ar Teresa, a bhean, agus ar a gclann i gcomhair na blianta atá amach romhainn.

Berenice O'Neill

Berenice O'Neill le Sheila Ryan agus a comhghleacaithe ag a bronnadh.

D'imigh Berenice O'Neill ar scor ón Státseirbhís i mí Lúil na bliana seo. Thosaigh sí ag obair leis an Státseirbhís i 1965 agus i rith a gairmréim fhada, bhí sí ag obair i roinnt Ranna éagsúla, lena n-áirítear an Roinn Tailte agus Foraoiseachta agus an Roinn Poist agus Teileagraf. Chuaigh sí i mbun oibre leis an Roinn Dlí agus Cirt i 1978 agus d'oibrigh sí i Rannóg na nGardaí, Rannóg na bPríosún, Rannóg na Rúnaíochta agus an Rannóg um Beartas Tearmann. Ceapadh í mar an chéad Choimisinéir um Iarratas na dTeifeach i 2000.

Is é is fearr a chuimhneofar ar Berenice dá bharr ná a tréimhse mar Phríomhoifigeach i Rannóg na gCúirteanna. Thosaigh sí ag obair i Rannóg na gCúirteanna i 1991 agus sna 4 bliana a chaith sí sa rannóg chuir sí tús leis an gclár nuachóiriúcháin a thug an tSeirbhís Chúirteanna atá againn anois dúinn. Ag an am sin, bhí droch-fhaillí déanta ar chóiríocht na gcúirteanna. D'fhorbair Berenice an chéad Chlár Tógála Cúirte agus rinne sí idirbheartaíocht chun an maoiniú riachtanach a fháil ón Roinn Airgeadais. Bhí baint aici le forbairt Theach Cúirte Dhúiche Chorcaigh, athchóiriú theach cúirte na Gaillimhe agus cur ar fáil theach cúirte nua i gCora Droma Rúisc, an chéad theach cúirte nua a tógadh ón uair a bunaíodh an Stát.

Bhí suim ar leith aici i bhforbairt oifigí na gCúirteanna Chuarda agus Dúiche mar a fheictear ón líon tionscnaimh a d'urraigh sí. Ina meas siúd tá athbhreithniú agus comhdhlúthú ar Rialacha na Cúirte Dúiche, rud nach ndearnadh ó 1948 i leith, agus forbairt ar an gcóras Oifigí agus Barántais i gcomhair na hoifigí Cúirte Dúiche réigiúnacha. Bhí sí lárnach i mbunú na chéad chomhdhálacha bliantúla do Chláraitheoirí Contae agus Príomhchléirigh agus atá ról thábhachtach acu i bhforbairt cumarsáide agus comhoibrithe idir na hoifigí.

D'oibrigh sí i gcomhar le roinnt de fhoireann agus iar-fhoireann na Cúirte, Denis O'Neill, Frank Lyons, Joe Brennan agus Aisling McKeon, atá an bheirt acu ina n-iarPhríomh-Scrúdaitheoirí, ina measc. Ag an am, ní mórán ban a bhí ina bPríomhoifigigh ar fud na Státseirbhíse, agus ba fhir iad an mhórchuid de bhainisteoirí sinsireacha sa Roinn agus sna Cúirteanna araon. Dúshlán ann féin a bhí anseo, agus thug sí faoi go dúthrachtach.

Cuimhneoidh an chuid againn a d'oibrigh le Berenice ar a díograis, a treallús agus a tiomántas dá cuid oibre. Leag sí caighdeáin an-ard síos agus ba inspioráid a bhí inti dóibh siúd a d'oibrigh in éineacht léi. Is teastas do chumas iontach Berenice agus dá cur chuige nuálach atá ina hardú céime sa Státseirbhís agus chomh maith a d'éirigh léi sa Roinn. Bhí ionracas, gairmiúlacht agus tiomantas le feiceáil le linn a gairmréim. Tá a tréimhse scor ag teacht ag deireadh gairmréime fhada iomráiteach agus beidh deis aici anois níos mó ama a chaitheamh lena muintir. Tá mé lánchinnte go mbeidh an fuinneamh agus an sásamh céanna á chur isteach sa chuid seo dá saol aici agus a bhí á chur isteach san obair aici. Ní cheapaim go bhfuil aon bhaol ann go ndéanfaidh aon duine a d'oibrigh le Berenice dearmad go furasta uirthi.

Marie Ryan

Kevin Stephens

Kevin (an dara duine ó chlé sa líne tosaigh) le foireann Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath ar a lá scoir.

"Bhí a fhios agam gur fear uasal a casadh orm nuair a bhuail mé le Kevin ar mo chéad lá oibre in Oifig Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath i Márta 1998," a deir Antoinette. "Bhí sé cabhrach agus cúirtéiseach i gcónaí agus é ag plé leis an bhfoireann oibre sna oifig agus leis an scuaine custaiméirí nach raibh deireadh riamh leis. Ba chosúil go raibh aithne aige ar beagnach gach duine a tháinig isteach sna oifig."

Mar Chláraitheoir Chontae Baile Átha Cliath, dúirt Susan Ryan ag an ócáid scoir, "bhí dea-ghiúmar ar Kevin i gcónaí, is cuma céard a bhí ag tarlú! Ba mhór an pléisiúr a bheith ag obair leis agus d'fhéadfaí brath air 110%."

Tháinig Kevin chuig an gCúirt Chuarda ón Oifig Foilseacháin an Rialtais. Roimhe sin, bhí sé ag obair sa Roinn Poist agus Teileagraif agus sa Roinn Cosanta. "D'fhéadfadh sé amhrán breá a chasadh ar oíche amuigh, agus roinn sé an guth teanóir sin trí dhul isteach i gCór na Seirbhíse Cúirteanna. Ba é an t-aon ghuth teanóir ó am go ham agus bhí air a chuid féin den seo a choinneáil ag imeacht uaidh féin. Tá Kevin ina bhall de Chumann Cór Bhré agus tá sé tar éis a bheith ar stáitse i Salzburg agus in go leor áiteanna coimhthíocha eile." Beidh neart ama aige a bheith ag amhránaíocht anois go bhfuil an post laethúil fágtha ina dhiaidh aige!

Guímid tréimhse scoir fada agus sona ar Kevin

Antoinette Kirk

Cuairteoirí ó thar sáile

Breithiúna ón Afraic Theas sa phictiúr leis an Uasal an Breitheamh Paul Carney ar an gcuairt a thug siad ar an tSeirbhís Chúirteanna le déanaí.

Clé go deis: Alex Mills, an Breitheamh William Hamill, Kerrie Croxford, an Breitheamh Tom O'Donnell agus Elisha D'Arcy

Tá an Institiúid um Staidéir Bhreithiúnacha ag cabhrú le Comhairle an Bharra le treoirchlár idirnáisiúnta malartaithe daltaí. Bhí dhá abhcóide nuacháilithe ó Bharra Shasana agus na Breataine Bige in Éirinn ar feadh trí seachtaine faoin gclár seo le déanaí. Labhair 'Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna' le Elisha D'Arcy chun tuilleadh eolais a fháil:

Tá an clár seo á reachtáil ag Comhairle an Bharra, agus caitear an chuid is mó d'am an abhcóide atá ar cuairt in Éirinn ag leanúint ar shála abhcóide sinsearach. Ina theannta sin, d'eagraigh an Institiúid um Staidéir Bhreithiúnacha clár dhá lá dóibh. "Fuair siad an deis bualadh le breithiúna Cúirte Dúiche agus Ard-Chúirte agus ansin chonaic siad na breithiúna sin i mbun a gcuid oibre sa chúirt," a mhínigh Elisha. "Theastaigh léargas ginearálta uathu ar chóras na gcúirteanna in Éirinn agus bhí rud éigin éagsúil á lorg acu. Fuair siad taithí ar leith trí theagmháil díreach a bheith acu le baill de bhreithiúnacht na hÉireann." Ar an taobh eile de fuair seisear abhcóidí Éireannach an deis dul go dtí an Fhrainc, an Iodáil, an Spáinn agus Sasana chun a fháil amach céard a bhíonn i gceist le post a gcomhghleacaithe sna tíortha siúd.

"Nuair a scaipeann an scéal faoin scéim tá mé cinnte go mbeidh abhcóidí nuacháilithe ó thimpeall an domhain ag iarraidh a theacht agus am a chaitheamh lena gcomhghleacaithe in Éirinn," a deir Elisha.

Chun páirt a ghlacadh sa deis eisceachtúil seo, ní mór d'abhcóidí Éireannacha a bheith ina gcéad nó ina ndara bliana cleachtas dlí. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le Comhairle an Bharra, Oifig an CPD ag cpd@lawlibrary.ie.

Abhcóidí ar cuairt ó S.A.M leis an Ollamh Bruce Carolan (is faide ar chlé) agus an tUasal an Breitheamh Bryan McMahon, an Ard-Chúirt (i lár) le Elisha D'Arcy (is faide ar dheis) ón JSU, i Halla Cruinn na Ceithre Chúirt.

Clé go deis: an tUasal an Breitheamh Patrick McCarthy, an Ard-Chúirt, An tOnórach C. Ian McLachlan, An tOnórach Cynthia Swienton, An tOnórach Peter Zarella, Catríona Gilheany, JSU, H. E. Thomas C. Foley, Ambasadóir S.A.M go hÉirinn agus an tUasal an Breitheamh Peter Kelly, an Ard-Chúirt ar ócáid cuairte bhreithiúna ó Connecticut, S.A.M.

Téigh ar shiúlóid!

An duine tú nach bhfuil aon suim beo agat i dturas siúil? Tá Paddy Monahan, a bhíodh ag obair don Oifig Faisnéise, díreach tar éis Turas de Mont Blanc a dhéanamh, agus b'fhéidir go n-athródh seisean d'intinn duit.

Bhí pointe ann, timpeall trí ceathrú bealaigh isteach sa dara lá den Turas de Mont Blanc (TMB), nuair a cheap mé go gcaithfinn éirí as.. "Glaoigh ar tarrtháil sléibhe" a cheap mé dom féin. "Tá heileacaptair agus sínteáin agus go leor áibhéil uaim, mar tá mé maraithe tuirseach!." Choinnigh mé mo bhéal dúnta, ar ndóigh – nuair a deirtear rudaí mar sin amach os ard, cuirtear le míshásamh agus méadaíonn sé an tuirse a bhraitear (sea, is san intinn atá an tuirse!). Ina áit sin, shuigh mé síos, bhain mé an mála droma a bhí ro-throm díom (éist le glór na taithí – ná pacáil iomarca!) agus de réir a chéile, agus na nóiméid ag dul tharam, thosaigh an lánléargas iontach mórthaibhseach a bhí os mo chomhair ag dul i bhfeidhm orm. Tháinig mothú aisteach isteach i mo chroí agus mé suite ansin sa chiúnas socair, leis an amharc tíre is iontaí dá bhfaca mé riamh timpeall orm. Áthas a bhí ann, ceapaim. Is ar éigin a lagaigh an mothú sin don chuid eile den turas.

Anois, roimh dom leanúint ar aghaidh, ní mór dom beagán den chomhthéacs a thabhairt. Níl aon bhealach go mbeidh mé in ann ar tharlaigh dom le linn an TMB a mhíniú, agus mar sin, seo cur síos ghairid ar an turas féin. Ag tosú dúinn i Chamonix, sa bhFrainc (d'eitil mé isteach go Geneva timpeall 50 km ó thuaidh de) shiúil mé féin agus mo dheirfiúr timpeall an lorg TMB trí na hAlpa, tríd an Iodáil agus an Eilvéis, ag taisteal go tuathalach ar fead timpeall 170km agus ocht lá go dtí gur chríochnaíomar ar ais i Chamonix. Is féidir dul os cionn 1,500 méadar in airde in aon lá amháin, agus is féidir ísliú suntasach go leor a bheith ann freisin. Is féidir an TMB a shiúil go deas réidh in thart ar 11 lá, ach bhuaileamar le fear an-deas a d'aithin mé mar léiritheoir ar chlár ar BBC 3 a bhí á dhéanamh in sé lá. Agus sin a bhfuil ann ó thaobh na fíricí de. Ach cén chaoi a gcuirfidh mé an draíocht a bhain leis in iúl?

Tá i bhfad an iomarca rudaí a gcuimhním orthu , ar nós an t-am a luaigh mé thuas, agus ní fhéadfainn tosú á n-insint anseo. Ní fios cé mhéad duine a dúirt liom mé féin a réiteach faoi choinne mhaorgacht dhochreidte an Col de Seigne, an bhearnas ard thar an teorainn ón bhFrainc isteach san Iodáil óna dtéann an gleann domhain oighreach beagnach chomh fada leis an léaslíne. Ach ní réiteodh aon rud mé don radharc a bhí os mo chomhair – tuile báistí agus ceo, agus deacracht agam mo lámh féin a fheiceáil os mo chomhair amach, ná bac le maorgacht maorga an mhaorgúlachta a bhí geallta dom! Sheas mé ar an teorainn is mé ag creathadh ar feadh timpeall trí soicind sular thug mé faoin mbealach síos isteach san Iodáil álainn. Agus céard a tharlaigh? laghdaigh an bháisteach agus an fhuacht go tobann, bhreathnaigh na beithigh Alpacha difriúil, thosaigh daoine ag rá "buona sera" agus bhí chuile shórt ina cheart arís! Taobh istigh d'uair an chloig bhí mé in Rifugio Elisabetta le mo bhróga bainte díom, mo dhá chos os comhair na tine, agus babhla álainn te polenta, cáis agus ispíní ar mo ghlúin! Aoibhneas… Ní fhaighimid a leithéid gan fulaingt a bheith ann ar dtús!

Is lorg é an TMB atá an-tóir ag siúlóirí air le 200 bliain anuas, agus cé go dtugann sé dúshlán agus gur féidir le siúlóir brath go bhfuil sé gearrtha amach ón sibhialtacht, níl na baoil céanna i gceist ann agus a bhíonn i gceist ar lorg níos iargúlta. Is fearr tabhairt faoin siúlóid ar bhealach cineál laissez-faire mar gur féidir le iomarca pleanála srian a chur ort agus gearradh siar ar an sásamh

a bhaineann tú as. Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith le siúlóir lá breise a chaitheamh ag glacadh scíth i Courmayeur álainn san Iodáil, ag baint triail as na cairr cábla, agus ag baint sásamh as cultúr fíor-Iodálach go hard sna hAlpa. Nó ar aon lá ar leith, b'fhéidir gur mhian le grúpaí achar níos faide nó níos giorra a shiúl – arís, má bhíonn amchlár oscailte agat, is féidir é sin a dhéanamh. É sin ráite, is fearr pleanáil 24 uair chun cinn agus cóiríocht na hoíche dár gcionn a chur in áirithint nuair is féidir – bíodh is gur i gceann de na bailte ar an mbóthar atá sé, nó, mar a tharlaíonn go minic, i dtearmann iargúlta, bunúsach. Sa mhéid seo, bhain mé an-tairbhe as treoirleabhar Kev Reynolds ar an TMB (arna fhoilsiú ag Cicerone agus ar fáil ag www.cicerone.co.uk).

Níl ach méid áirithe gur féidir liom a rá faoin TMB os rud é go bhfuil sé cosúil le cur síos a dhéanamh ar dhath – caithfidh tú é a fheiceáil le do dhá shúil féin. Agus is féidir leat! Tá duine ar bith atá in ann dul ar shiúlóid trí nó ceithre uair an chloig i nGleann Dá Loch go maith in ann don TMB – níl ann ach dul ag luas a fheileann duit féin, agus spraoi a bhaint as – ní rása atá i gceist. Cuimhnigh, níl ann ach cois amháin a chur os comhair an cheann eile!

Oíche the i gCorcaigh

Bhí las-róstaithe ag an bhfoireann oibre i gCorcaigh i lár mhí Iúil. Bhí sé ar siúl ag Cúirt Dúiche Chorcaigh ar an 13ú Iúil agus d'fhreastal foireann oibre Chúirt Chuarda Chorcaigh, Chúirt Dúiche Chorcaigh, Oifig Réigiúnach an Deiscirt agus na Breithiúna air.

Ba iad Brian Moran (Cúirt Dúiche Chorcaigh), Orla Penney (Cúirt Chuarda Chorcaigh), Ruth Penney (Oifig Réigiúnach an Deiscirt), agus Richie O'Connor (Cúirt Chuarda Chorcaigh) a d'eagraigh an oíche.

Ba iad na príomhchócairí ar an oíche ná Richie O'Connor agus Dave Power ó Chúirt Chuarda Chorcaigh.

Is cosúil go raibh an-oíche ag chuile dhuine!

Clé go deis: Geraldine McCarthy, Taifid Chúirte na nGardaí, Cúirt Dúiche Chorcaigh, Donal White, Cúirt Dúiche Chorcaigh, Juliette Moynihan, Taifid Cúirte na nGarda, Cúirt Dúiche Chorcaigh.

Clé go deis: Richie O'Connor, Kevin Cahill, (an bheirt ó Chúirt Chuarda Chorcaigh), Brian Moran, Cúirt Chuarda Chorcaigh, Brian Shanahan, Dave Power, Cúirt Chuarda Chorcaigh.

Clé go deis: Liz Guerin, Marian Penney, (an bheirt ó Chúirt Chuarda Chorcaigh)

dán

The 1982 All–Ireland Fleadh Ceol

I met a friend in court
from a quarter century ago, and said –
'Do you remember that weekend in late August
when we and all Ireland were young
as we drove to Listowel
in your light blue Ford Fiesta
for the 1982 Fleadh Ceol?'

And the odyssey from pub to street sessions
Listening to music from far off counties and continents
Stopping off in John B's
to see a man with a gift for listening
as he watched and attended
to all around him

In the teeming square that Friday night
McMahon the village school master
stood alone in his corner,
Pondering the arrival of another class
His shadow competing in stature
With the looming presence of St. Johns steeple

And do you mind that Saturday night Ceili
And the music of champions
The atmosphere kinetic as the band tuned up
And we looked to the girl from Athea
A teacher in training with an eye for fashion
And a smile that brightened the night

You were out of the traps before me
for the Siege of Ennis – or was it Listowel
Scaling walls of Limerick and Kerry men
To lead her across the floor
And when you danced, I saw her dance
How she could dance

As we waited for the next call
you said quietly "She's from Athea
A good eight country miles away."
Later I danced with her
Knowing I didn't have a Ford Fiesta
Or a crossbar to see her home
And I wondered if she ever wrote
to penfriends in Dublin.

When we returned to the Square in the early hours
McMahon was still there statue like
absorbing the changing mood of the night
regarding the invasion of his Square and town
wondering would Kerry make five in a row

Years after when he stood no more
They inscribed his name and words in that spot
guided by the shadow of his hand

Brían O'Tiomáin

Céard a bhí ag tarlú sa Chlub Sóisialta?

Oíche Rásaíochta an Chlub Sóisialta: Ar an 23ú de Lúnasa d'fhreastal os cionn 50 duine ar Oíche Rásaíochta chun tacú le hOilimpeacha Speisialta na hÉireann. Bhailíomar timpeall €3,000 le cabhair gach duine a raibh baint acu leis. Míle buíochas do gach duine a cheannaigh capall nó a tháinig ar an oíche. Buíochas ar leith do George Hanlon agus Matt Hayes a bhí mar fhir tí againn ar an oíche agus a choinnigh suas chun dáta muid maidir leis na rásaí, agus freisin do Andy Cleary, Ken Curran, Lorraine Fagan, Maria Hughes, Lynda Byrne agus Michelle Kelly a chabhraigh chun an t-airgead a bhailiú ar an oíche agus chun an tote a oibriú amach.

Joe Hanlon, Teach Phoenix, Denise Mooney, An Stiúrthóireacht Airgeadais.

Oíche amach Ar Ais chuig na Cúirteanna: D'fhill an Club Sóisialta ar Óstán an Russell Court dár n-imeacht dheireadh an tsamhraidh. Ba i gClub Oíche Bojangles a bhí sé ar siúl ar an 27ú de Mheán Fómhair. Tá sé seo ar cheann de na himeachtaí is mór ar fhéilire an tsamhraidh agus níor ligeadh síos muid, os rud é go raibh an-oíche ag gach a raibh i láthair.

Cuir do gheall! Lorraine Fagan, JSSU, Maria Hughes, Oifig na Sannaí Oifigiúil

Ócáidí atá ag teacht aníos: Tá sé socraithe againn i mbliana cóisir deireadh na bliana a bheith againn, a bheidh ar siúl i mí na Samhna, seachas an gnáth-chóisir Nollag a bhíonn ar siúl i mí na Nollag.

Cuimhnigh gur DO CHLUB atá ann, agus má tá aon smaointe nó moltaí agat d'imeachtaí nó aon ráitis go ginearálta, téigh i dteagmháil le haon duine den Choiste nó seol r-phost chugainn ag Socialclub@courts.ie

Finn Ryder

Celine Adams, Oifig an Mháistir Fómhais, Helen Thornton, Oifig Toghairme, an Chúirt Dúiche.

Nuacht an chumainn sacair

Is é seo an dara séasúr do Chlub Sacair na Seirbhíse Cúirteanna páirt a ghlacadh i Sraith na hAturnaetha. Le Richie "Rafa" Kelly i gceannas don dara bliain as a chéile, bhí muinín réasúnta againn go mbainfeadh muid an babhta ceathrú ceannais amach arís.

Níor thosaigh sé amach ro-mhaith nuair a buaileadh muid 4-2 nuair a d'imríomar McCanns. Tháinig muid ar ais uaidh sin le bua 1-0 i gcoinne A&L Goodbodys chun tús cheart a chur lenár séasúr. Sa chluiche dar gcionn bhuamar 3-1 i gcoinne BCM Hanby Wallace. Chailleamar sa dá chluiche dar gcionn i gcoinne Dillon Eustace agus an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, rud a d'fhág go raibh muid i gcruachás.

Theastaigh trí bhuaigh i ndiaidh a chéile uainn, chomh maith le torthaí eile dul sa treo cheart dúinn. Bhuaileamar Beauchamps, Small Fry agus Mason Hayes & Curran chun an trí bhua sin a bhaint amach, ach

Aifreann do chomhaltaí foirne agus don bhreithiúnas atá imithe ar shlí na fírinne

Beidh an tAifreann bliantúil do chomhaltaí den bhreithiúnas, foireann na Seirbhíse Cúirteanna agus Chlárlann na Talún atá imithe ar shlí na fírinne ar siúl i Séipéal Ádhaimh agus Éabha ar Ché na gCeannaithe ag 5in ar an Aoine an 23ú de mhí na Samhna. Beidh fáiltiú, ag a mbeidh fáilte roimh cách, ar siúl ina dhiaidh sa bhialann ar an gcéad urlár de Theach an Fhionnuisce

Tuirseach, Náirithe, Airgead Bailithe

Bailíodh go leor airgid do charthanacht le déanaí nuair a cuireadh matáin tuirseacha ag obair ro-chrua agus gan aon chleachtadh roimh ré, rud a fuair réidh le cuid mhór den náire.

Bhí spiorad na foirne le brath chomh láidir céanna ar an bpáirc agus de. D'eagraigh foireann daoine a raibh Eamonn Mooney agus Michael McInerney ónár Stiúrthóireacht ICT ina cheannas ilchomórtas sacair i gcomhair carthanachta.Bhí foirne cúigear an taobh measctha i gceist ann, ón tSeirbhís Chúirteanna agus ó chuid dár gconraitheoirí.

"Mar thoradh ar an lá tháinig mion-thuile d'airgead urraíochta isteach agus bhailigh an imeacht os cionn €5,000," a d'inis Eamonn dúinn. "Míle buíochas do gach duine a ghlac páirt agus a thug urraíocht fhlathúil dúinn. Ba bhreá linn úsáid a bhaint as Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna chun buíochas a ghlacadh le gach duine a ghlac páirt (bíodh is gur mar imreoirí, bainisteoirí, lónadóirí, lucht eagraí raifil nó lucht urraíochta a bhí siad). Déanaimís arís an bhliain seo chugainn é!"

Fuair 'Make A Wish Ireland' agus 'Jack and Jill Foundation' seiceanna le déanaí ag bronnadh an t-airgead a bailíodh ar an lá orthu. Faigh amach faoi na carthanachtaí seo ag www.makeawish.ie agus http://www.jackandjill.ie

An fhoireann agus an bhainistíocht buacach – Oifig Caomhanta, Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath.

Clé go deis: Simon Ball, Oifig Caomhanta, Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath, Ray Hudson, Oifig Éilimh Bheaga, Baile Átha Cliath, John Callaghan, Joe McLoughlin, (an bheirt ón Oifig Caomhanta, Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath), Micheál McInerney, Stiúrthóireacht ICT, Diarmaid MacDiarmada, Stiúrthóir Oibríochtaí na Cúirte Chuarda agus na Cúirte Dúiche, Damien Downey, Oibríochtaí na Cúirte Chuarda agus na Cúirte Dúiche, Eileen Brennan, Derek Bunyan, (an bheirt ón Oifig Caomhanta, Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath).

Baill an choiste eagrúcháin agus an dá charthanacht ó chlé go deis: Kevin Fidgeon, Freddy O'Neill ó Make a Wish Ireland, Eamonn Mooney, Debbie McAdams, Chloe McAdams agus Jonathan Irwin Jack and Jill Foundation ag bronnadh na seiceanna.

Cuir suíochán in áirithint i gcomhair Scannán buachaillí bó den scoth

3:10 to Yuma: is iad Russell Crowe agus Christian Bale na réalta atá san leagan nua-aimseartha seo den scannán buachaillí bó clasaiceach de chuid Elmore Leonard ón bhfoireann léirithe/ scríbhneoireachta/ stiúrthóireachta Cathy Konrad agus James Mangold (WALK THE LINE).



Deireadh na 1800aidí atá ann in Arizona, agus tá an eisreachtaí (outlaw) cáiliúil Ben Wade (Crowe) agus a bhuíon fiáin gadaithe agus dúnmharfóirí ag crá croí gach duine a théann in aice le Bóthar Iarainn an Deiscirt.

Nuair a ghabhtar Wade, bíonn, Dan Evans (Christian Bale) a bhí ina throdaí sa Chogadh Cathartha, i gcruachás mar gheall ar thriomach uafásach a bhuail a fheirm in Arizona, agus teastaíonn foinse airgid uaidh gan mhoill. Chun a chuid fiacha a íoc, díolann sé a chuid seirbhísí chun an eisreachtaí cáiliúil Ben Wade a thabhairt trasna mhachairí na bhfásach chuig Contention, áit a rachaidh sé ar bord traenach 3.10 chuig Yuma chun a thriail a sheasamh i Cúirt Feidearálach an bhaile sin.

Ach bíonn níos mó contúirt i gceist san turas trí lá ná mar a bhí súil leis do Evans agus a bhuíon, ina bhfuil 'bounty hunter' caite (Peter Fonda), tréadlia ceansa (Alan Tudyk) agus mac óg Evan (Logan Lerman). Ní hamháin go bhfuil buíon fiáin Wade ag teacht ar a gcúl, ach tá Wade go síoraí ag iarraidh dul i gcion orthu ionas nach mbeidh siad ar an airdeall ar feadh díreach sách fada le go bhféadfaidh sé teach saor uathu. Ach is cuma le Evans — déanfaidh sé rud ar bith a chaithfidh sé déanamh chun a phríosúnach bheith ann in am aige, fiú más é an rud deiridh a dhéanfaidh sé ina shaol é. San scéal seo, tosaíonn Evans agus Wade, atá cúlraí an-difriúil acu, ag tuilleadh meas óna chéile.

Is leagan gharbh, teann é 3:10 to Yuma de scannán a bhí réasúnta maith an chéad uair a rinneadh é. Tá lársmaoineamh láidir ann, tá na haisteoirí breá beoga, tá léargas inchreidte ann ar an 'Old West' agus cur síos sásúil ann ar na scáthlínte idir mhaith agus olc. Éiríonn le leagan James Mangold san obair dheacair siúd deaphointí an bhunleagan a choinneáil agus beocht dá chuid féin a chur isteach ann ag an am céanna.

Ní mór do scannán buachaillí bó níos mó a bheith i gceist leis na laethanta seo ná a bheith stuama agus gan a bheith fuadrach, má tá sé chun aon tionchar a bheith aige. Chuirfinn an scannán seo i gcomparáid le High Noon, scannán buachaillí bó clasaiceach, a bheadh déanta sa lá atá inniu ann. Maraon leis an scannán seo, bhí sé go breá ábalta teannas a chruthú. Is é an difir idir é seo agus High Noon ná nach sirriam ná marascal é an fear atá sa mbearna baoil, ach rainseoir aonarach a bhfuil a shaol agus a theaghlagh ar tí titim ón chéile.

Tá Crowe i mbláth a mhaitheasa anseo. Cosúil leis na réalta is fearr, ní thugann sé le feiceáil go bhfuil aon iarracht i gceist agus é ag cur féinmhuinín fearúil, géire intinne agus cumhacht ionramhálach an dhrochfhir seo. Is fear sleamhain, deaslámhach é an Ben a léiríonn sé.

Tá na haisteoirí sna páirteanna taca thar cionn, le jab iontach á dhéanamh ag Peter Fonda mar 'bounty hunter' fíorchrua.

Ronan Power

Agallamh pearsanta le: John Callaghan

Oifig Coimeádta Chúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath

Cé hé an carachtar ficsin (ó scannán, leabhar, clár teilifíse nó eile) is mó a shamhlófá tú féin leis?
Jake Stephens (PJ Gallagher) – Naked Camera.

Cén scannán is fearr leat agus cén fáth?
Raging Bull… Scannán Clasaiceach den scoth!

An leabhar is fearr leat?
To Kill a Mocking Bird.

An t-amhrán is fearr leat?
Stairway To Heaven, le Led Zeppelin.

Dá mbeifeá le sáinniú in ardaitheoir cé hé/hí ab fhearr leat go sáinneofaí ann leat agus cén fáth?
Kelly Brook… n gá níos mó a rá?!

Ainmnigh cúigear ar mhaith leat a bheith agat chun dinnéir.
Kelly Brook, Robert DeNiro, Roy Keane, Alex Ferguson agus Jock Stein.

For-rochtain i Mainistir Fhear Maí

Tagann tuairisc de bhreis chugainn ó Mhainistir Fhear Maí faoin chaoi ina bhfuil feabhsúcháin ar fhoirgnimh cúirte tar éis cur le creatlach sóisialta phobail áitiúla. Bhí Cléireach na Cúirte Dúiche, Tom Browne agus a fhoireann oibre i mbun imeachta don óige áitiúil le déanaí sa teach cúirte nuachóirithe sa bhaile.

"Bhí cúirt 'bréige' speisialta ar siúl againn do bhaill an Chláir áitiúil Youthreach," a insíonn Tom dúinn. "Bhí an 'chúirt' leagtha amach mar chúirt drugaí speisialta leis an 'mBreitheamh' Willie O'Connor (Cléireach na Cúirte Dúiche) ina cheannas."

Tugann an clár Youthreach deis do dhaoine óga a fhágann an scoil go luath ar chúis éigin, deis eile a fháil oideachas cheart a fháil. "Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh na daoine óga isteach i dteach na cúirte agus bhaineamar úsáid as an imeacht chun roinnt rudaí a bhaint amach, mar shampla feasacht ar an dlí agus nós imeachta na cúirte go háirithe maidir le drugaí."

"Thug sé an deis dúinn freisin caidrimh a fhorbairt idir an Chúirt Dúiche, na Gardaí agus an Clár Youthreach, chomh maith le deis a thabhairt d'ábhar Gardaí taithí cúirte a fháil." Thuig Tom freisin go gcuirfeadh a leithéid d'ócáid ar chumas na foirne an teach cúirte nua a thaispeáint i gceart do na meáin áitiúla.

"Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le baill An Gharda Síochána i Mainistir Fhear Maí faoi cheannas an Gharda Andy Geary, comhordnóirí Youthreach Ciaran Kennedy agus Gretta Dunne agus foireann oibre Oifig Chúirt Dúiche Mhainistir Fhear Maí as ucht a gcuid oibre agus an lá seo á eagrú acu," arsa Tom.

Mar chríoch thug Tom faoi deara gur aontaigh gach a raibh ann "gur éirigh thar cionn leis an lá ar gach bealach – cuid mhór de seo de bharr an duine mórthaibhseach a bhí ina shuí ar an mbinse!"

An Garda faoi Oiliúint Mary Ryan ag tabhairt fianaise, comhordnóir Youthreach Gretta Dunne, 'Cláraitheoir' agus 'an Breitheamh' Willie O'Connor, i gCúirt Dúiche Mhainistir Fhear Maí i rith na trialach bréige.

Comhordnóirí Youthreach Ciaran Kelly, Gretta Dunne agus gardaí áitiúla in éineacht leis an ngrúpa ar an lá.

'Siúlóidí'... mar is cóir

Dóibh siúd uilig a bhfuil grá acu do mhadraí agus dóibh siúd uilig atá ag smaoineamh ar choileán nua a fháil, chuamar i mbun cainte le Patricia Everitt in Acmhainní Daonna agus a coileán Shadow, Alsáiseach a bhfuil traenáil coileáin gairmiúil curtha air.

Cén fáth a ndéanfá coileán a thraenáil? "Tá Alsáisigh an-mheabhrach agus taitníonn dúshlán leo. Chomh maith leis sin, nuair a bheidh Shadow lánfhásta beidh sí an-mhór agus d'fhéadfadh fadhbanna a bheith againn á smachtú nuair a bhíonn muid amuigh."

Tá an traenáil bunaithe ar dhuais agus ar spreagadh. Chuile uair a dhéanann Shadow mar a deirtear léi faigheann sí duais. Tá scileanna éagsúla foghlamta ag Shadow ar an mbealach seo. Mar chuid den traenáil tugtar cabhair le haon fhadhbanna atá ag an úinéir leis an madra.

"Bhí fadhb agam Shadow a fháil amach as an teach ar maidin," a deir Patricia. "D'iarr an traenálaí orm dialann a choinneáil i gcomhair Shadow ar feadh coicíse. Thaifead mé chuile rud maith agus dona a rinne Shadow sa tréimhse sin." Nuair a bhí an dialann críochnaithe chinn an traenálaí nach raibh tada suntasach mícheart le Shadow agus nach bhfuil ann ach gur maith léi a bheith ar a compord.

An raibh an traenáil úsáideach? "Bhí sé thar cionn mar gur múineadh scileanna éagsúla do Shadow, cosúil le fanacht san áit ina bhfuil sí, fanacht le do thaobh agus cleachtaí féinsmachta. Tugaim faoi deara go háirithe go bhfuil tionchar ag an

traenáil sna rudaí beaga ar nós glaoch ar ais uirthi nuair nach bhfuil sí ar a téad."

Tá Shadow ag freastal ar rang Leibhéal a hAon Umhlaíochta do Mhadraí do Thosaitheoirí le Dog Training Ireland. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le Dog Training Ireland ar 01-8644922.

Tráth na gCeist… An é seo d'uimhir-sa?

Tuigimid go léir an pháirt thábhachtach atá ag uimhreacha inár saol laethúil. Idir na huimhreacha ar an gclog aláraim ar maidin, an uimhir UAP a theastaíonn uainn má tá airgead uainn, agus uimhreacha gutháin ár gclann is ár gcairde, bheimis i ndroch-chás gan iad. Mar sin, tá an tráth na gceist san eagrán seo bunaithe go hiomlán ar uimhreacha.

1. Céard é an uas-dhreas i gcluiche Snúcar?
2. Cén uimhir atá ar sheirbhís Bus Éireann go dtí Dún na nGall?
3. Cén mhéid rith a bhuann tú i gCruicéad nuair a bhuailtear an liathróid thar an teorainn gan an talamh a bhualadh?
4. Scannán ina bhfuil Dudley Moore agus Bo Derek?
5. Cén mhéid slat i míle?
6. Céard é náid (nialas) Ceinteagrád in Fahrenheit?
7. I gcluiche Dairteanna, cé mhéad pointe a bheadh ag dul duit as an "double top"?
8. An uimhir ar dhoras Phríomh-Aire na Breataine i Sráid Downing?
9. Uachtar reoite le 'flake' seacláide ina bharr?
10. Cén mhéid TD atá i nDáil Éireann?

Seol do chuid freagraí go dtí: Tony Lawlor, Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, nó trí ríomhphost go dtí alawlor@courts.ie

'Siad na freagraí don tráth na gceist teilifíse in eagrán mí Mheithimh ná:



1. William Petersen
2. Carrigstown
3. Sports Tonight
4. Desperate Housewives
5. Eddie Hobbs
6. Schmeichel
7. Martin King
8. Emmerdale farm
9. 6.00pm
10. Didier Drogba

Comhgháirdeachas le Pat McCarthy ó Oifig na gCuntasóirí i dTeach an Fhionnuisce a bhuaigh tráth na gceist mhí Mheitheamh.

Breda Madden, Cúirt Chuarda Chorcaigh agus leanaí clé go deis Kevin, Robert agus Cathal

Eileen O'Neill le comhghleacaithe agus cairde ag lón chun slán a fhágáil léi a bhí ar siúl i dTeach an Fhionnuisce le déanaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar a scor ó aturnaetha tar éis tréimhse 37 bliana.

Mary Woodward, Cúirt Dúiche Chorcaigh agus a leanbh Joey

Sinead O'Brien, Cúirt Chuarda Chorcaigh agus a páirtí Derek Mulcahy lena leanbh Faye ar lá a Baiste.

Grúpa Thionscadal Star Bhaile Munna ar a gcuairt le déanaí ar an tSeirbhís Chúirteanna le Teresa Brophy (thall ar dheis)

Má tá grianghraf agat gur mhaith leat go n-áireofaí i *Tríd an Lionsa*, seol sa phost é más é do thoil é go dtí: **Tony Lawlor, Oifig Faisnéise, An tSeirbhís Chúirteanna, 15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7** nó seol ríomhphost go dt: **alawlor@courts.ie**